An Bord Pinsean -
**The Pensions Board**

Authority for Pensions

# Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2007

www.pensionsboard.ie

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Ráiteas misin | 2 |
| Ról agus feidhmeanna | 3 |
| An Bord | 4 |
| Ráiteas an Chathaoirligh | 5 |
| Léargas ar 2007 | 6 |
| Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh | 8 |
| **Maoirsiú** | |
| Rialachán agus comhlíonadh | 10 |
| Seirbhísí dlíthiúla, achtúireacha agus polasaí | 19 |
| Seirbhísí eolais agus fiosrúcháin | 22 |
| Seirbhísí corparáideacha | 27 |
| Foireann an Bhoird Pinsean | 30 |
| **Ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007** | |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 34 |
| Ráiteas ar dhualgais an Bhoird | 36 |
| Ráiteas an Chathaoirligh ar an gcóras inmheánach um rialú airgeadais | 37 |
| Ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta | 39 |
| Cuntas ioncaim agus caiteachais | 41 |
| Clár comhardaithe | 42 |
| Ráiteas faoi shreabhadh airgid | 43 |
| Nótaí do na ráitis airgeadais | 44 |
| Ráiteas um íocaíocht pras na gcuntas | 51 |
| **Aguisíní** | |
| Aguisín I – Ag tuairisciú dul chun cinn ar ár gcuspóirí straitéiseacha: treoir léargais | 53 |
| Aguisín II – Plean Gníomhaíochta Custaiméara | 58 |
| Aguisín III – Giorrúcháin | 60 |



# Ráiteas misin de chuid An Bord Pinsean

Tá sí mar aidhm againn:


- slándáil agus cosaint ball scéimeanna pinsean gairme agus ranníocóirí Cuntas Coigiltis Scoir Phearsanta a chur chun cinn de réir Acht na bPinsean
- forbairt struchtúr éifeachtach náisiúnta pinsin a chur chun cinn
- leibhéal rannpháirtíochta sa chóras náisiúnta pinsin a chur chun cinn – córas a chuireann ar chumas gach saoránach ioncam scoir a bheith acu
- eolas agus treoir údarásach a sholáthar do pháirtithe leasmhara d'fhonn tacú le slándáil, struchtúir agus rannpháirtíocht pinsin

# An ról agus na feidhmeanna de chuid An Bord Pinsean

Bunaíodh an Bord Pinsean faoi fhorálacha Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, ("An tAcht") mar chomhlacht ionadaíoch, ar a bhfuil cathaoirleach agus 16 ghnáthbhall ceaptha ag an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

Sainmhíníonn an tAcht feidhmeanna an Bhoird mar seo a leanas:

- monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar Acht
  na bPinsean agus forbairt pinsean go ginearálta, lena n-áirítear Conarthaí Blianacht Scoir (RAC) agus gníomhaíocht Cuntas Coigiltis Scoir Phearsanta (CCSP)
- treoirlínte nó nótaí treorach a eisiúint ar dhualgais agus freagrachtaí iontaobhaithe scéimeanna agus cóid chleachtais maidir le gnéithe sonracha dá gcuid freagrachtaí
- treoirlínte nó nótaí treorach ginearálta a eisiúint bunaithe ar fheidhmiú Acht na bPinsean agus forálacha an Achta um an Dlí Teaghlaigh, 1995, agus an Achta um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996, i ndáil le scéimeanna pinsin
- soláthar áiseanna feiliúnacha d'iontaobhaithe scéimeanna a spreagadh agus tacú leis
- comhairle a chur ar an Aire faoi nithe a bhaineann le feidhmeanna bronnta ar an mBord faoi Acht na bPinsean agus nithe a bhaineann le pinsin go ginearálta, mar aon le tascanna a iarrfaidh an tAire, ó am go ham, a dhéanamh



# An Bord Pinsean

Comhlacht reachtúil é an Bord Pinsean ar a bhfuil, amhail an 31 Nollaig 2007, cathaoirleach agus 16 ngnáthbhall. Cé gurb é an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a cheapann baill uile an Bhoird, faoi fhorálacha an Achta, ní mór go mbeadh ionadaithe ceardchumann, fostóirí, leasa tomhaltóirí, leasa pinsinéirí, an Rialtas, an tionscal pinsean, iontaobhaithe agus grúpaí gairmiúla a bhfuil baint acu le socruithe pinsin ar an mBord.

Is é cúig bliana téarma oifige do bhaill an Bhoird. Líontar folúntais fhánacha go díreach ag an Aire, nó ar ainmniúchán ón comhlacht ainmniúcháin ábhartha, de réir mar is cuí. Fanann an duine a líonann an folúntas fánach sa phost go dtí deireadh na tréimhse cúig bliana amháin. Tháinig an Bord le chéile deich n-uaire i 2007.

Is iad seo a leanas baill reatha an Bhoird:



**Tiarnan O Mahoney**
*Cathaoirleach*
Ainmní an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh



**Marie Daly**
Ainmnithe ag Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann



**Dervla Tomlin**
Ainmnithe ag Cónaidhm Árachais na hÉireann



**William Beausang**
Ionadaí an Aire Airgeadais




**John Dillane**
Ainmní an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh – ionadaí ar son leasa na dtomhaltóirí



**Orlaigh Quinn**
Ionadaí an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh



**Kevin Brabazon**
Ainmnithe ag Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann – ionadaí ar son leasa na n-iontaobhaithe




**Mary O'Donnell**
Ainmní an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh



**Mary Wade**
Ainmnithe ag Cumann na nDlíodóirí Pinsin in Éirinn




**Rosalind Briggs**
Ainmnithe ag Cumann na nAchtúirí in Éirinn



**Emer O'Flanagan**
Ainmní an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh



**Fergus Whelan**
Ainmnithe ag Comhdháil na gCeardchumann in Éirinn



**Rosheen Callendar**
Ainmnithe ag Comhdháil na gCeardchumann Náisiúnta – ionadaí ar son leasa na n-iontaobhaithe



**Michael O'Halloran**
Ainmní an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh – ionadaí ar son leasa na bpinsinéirí



**Niall Walsh**
Ainmnithe ag Coiste Comhairleach na gComhlachtaí Cuntasaíochta in Éirinn



**Julian Caplin**
Ainmní an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh



**Gerry Ryan**
Ainmnithe ag Cumann Cistí Pinsin na hÉireann



# Ráiteas an Chathaoirligh

Cúis áthais dom, de réir Alt 23 d'Acht na bPinsean, 16ú Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Pinsean a sholáthar – An Bord Pinsean ("an Bord") don bhliain dár chríoch an 31 Nollaig 2007.

Cuireann an Bord go mór le forbairt agus le tacú pinsin in Éirinn. Cothaíonn nádúr ionadaíoch an Bhoird agus cúlraí éagsúla na mball forbairt comhaontaithe más féidir, rud a chuireann go mór leis an gcobhsaíocht fhadtréimhseach a theastaíonn chun coigiltis scoir a spreagadh.

Tá trí ról idirnasctha ag an mBord:

1. rialaíonn sé scéimeanna pinsean gairme, RAC iontaobhaí agus Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (CCSP)
2. soláthraíonn sé eolas faoi phinsin don phobal agus dóibh siúd bhfuil baint acu le pinsin
3. tugann sé comhairle don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh faoi cheisteanna pinsin

I 2007 rinneadh obair an Bhoird i dtimpeallacht athraitheach agus gníomhaíochta, mar aon le héiginnteacht mhéadaithe infheistíochta.

I mí Deireadh Fómhair 2007 d'fhoilsigh an Rialtas an Páipéar Uaine ar Phinsin. Athbhreithniú cuimsitheach ar mhórcheisteanna pinsin na hÉireann í an cháipéis tábhachtach seo. Tá eolas le fáil ann ar an staid déimeagrafach agus ceisteanna inbhuanaitheachta agus na roghanna a d'fhéadfaimis a mheas chun soláthar dóthanach pinsin a chinntiú sa todhchaí. Tá eolas le fáil sa Pháipéar Uaine ar roinnt ceisteanna ar mhaith leis an Rialtas go bhfreagródh an pobal, na comhpháirtithe sóisialta, an tionscal pinsean agus na páirtithe leasmhara ar fad. Beidh an próiseas comhairliúcháin phoiblí faoin bPáipéar Uaine ar siúl go dtí lár 2008 agus ba cheart go mbeadh léargas soiléir ar pholasaí pinsin na hÉireann ar fáil ag deireadh an phróisis.

Is saincheist náisiúnta criticiúil í fhoráil na bpinsean cuí do thodhchaí mhuintir na hÉireann. Bhí ról lárnach ag an mBord in eolas a sholáthar agus cur leis an díospóireacht pinsin go dtí seo agus níl amhras ar bith orm ach go gcomhlíonfaidh sé a ról iomlán sa phróiseas tábhachtach seo amach anseo.

Tuigeann an Bord an gá a bhaineann le cinntiú go ndéantar maoirseacht agus infheistíocht cheart ar choigiltis phinsin agus go bhfaigheann baill scéimeanna pinsin agus ranníocóirí CCSP an t-eolas a theastaíonn uathu chun cinntí cearta a dhéanamh. I 2007 agus in Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2008, tugadh cumhachtaí breise don Bhord fíneálacha ar an láthair a úsáid, mar aon le riarthóirí a rialú. Fáiltíonn an Bord roimh na cumhachtaí nua seo a chabhróidh chun a thiomantas rialachán éifeachtach agus comhréireach pinsean a chomhlíonadh.

Bliain ghnóthach ba ea í seo do bhaill an Bhoird agus ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis na baill ar fad as ucht an obair chrua agus an díograis a léirigh siad i gcaitheamh 2007.


I rith na bliana, rinneadh roinnt athruithe i mballraíocht an Bhoird nach mór a lua. D'éirigh Anne Vaughan, ionadaí an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, agus Kevin Brabazon, ionadaí IBEC as i ndiaidh blianta fada a chaitheamh ag cur leis an obair ar pholasaí an Bhoird. Is mian liom fáiltiú roimh Orlaigh Quinn ionadaí nua an Aire, agus Niall Walsh ionadaí Choiste Comhairleach na gComhlachtaí Cuntasaíochta in Éirinn.

Ábhar bróin dom féin agus do bhaill an Bhoird ba ea bás ár gcomhghleacaí agus cara Tom Wright a cailleadh i rith na bliana. Bhí Tom ina chomhalta Boird ar feadh seacht mbliana agus rinne sé ionadaíocht thar ceann na gcomhlachtaí Cuntasaíochta in Éirinn. Rinne sé sárobair agus is cinnte go n-aireoimid ar fad uainn é.

Ciallaíonn saineolas agus díograis bhaill an Bhoird, faoi stiúir an Phríomhfheidhmeannaigh, Brendan Kennedy, go gcomhlíonaimid ár n-oibleagáidí laethúla. Bhain mé taitneamh as a bheith ag obair le baill an Bhoird i rith na bliana agus is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl dóibh as chomh gairmiúil is a bhí siad i mbun a gcuid oibre.

Buíochas freisin do na feidhmeannaigh sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus ranna Rialtais eile as a gcuid tacaíochta leanúnach.

Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an Aire Martin Cullen T.D. as ucht a thiomantas leanúnach do cheisteanna pinsin agus don Bhord.



**Tiarnan O Mahoney**
*Cathaoirleach*

# Léargas ar 2007

Bhí ballraíocht ghníomhach iomlán de 800,398 i scéimeanna pinsean gairme chlár an Bhoird méadú ó 777,653 i 2006.

I measc an 464 teastas achtúireach maoinithe a tugadh don Bhord, shásaigh 81% de scéimeanna sochair shainmhínithe an caighdeán maoinithe i gcomparáid le 70% ag deireadh 2006.

Bhí 130,709 conradh CCSP. Bhí an luach iomlán sócmhainní cothrom le €1.25 billiún, méadú níos mó ná 50% sa luach sócmhainní a bhí ann ag deireadh 2006.

D'éirigh leis an mBord ceithre ionchúiseamh a dhéanamh i 2007 i gcoinne fostóirí ar theip orthu freagairt d'iarratas an Bhoird ar fhaisnéis i ndáil lena n-oibleagáidí éigeantacha fostóra faoi CCSP.

Cuireadh tús le fíneálacha ar an láthair mar mhalairt ar ionchúiseamh i gcás cionta áirithe faoin Acht.

I mí Feabhra d'fhoilsigh an Bord Pinsean Tuarascáil ar Iontaobhaíocht.

San áireamh i bhforbairtí polasaí bhí:


- moltaí sa Pháipéar Uaine ar Phinsin agus an Grúpa Athbhreithnithe Comhpháirtíochta Pinsean
- na forálacha pinsin a ullmhú do Dhréacht-Bhille Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2008, lena n-áirítear gníomhaíochtaí riaracháin riarthóirí pinsean a chlárú agus a iniúchadh
- leabhrán ar scéimeanna Hibrideacha pinsean a fhoilsiú (i gcomhlíonadh tiomantais faoin gcomhaontú comhpháirtíochta sóisialta I dTreo 2016) agus treoir eile a sholáthar
- foinsí nua sonraí a fhorbairt, lena n-áirítear cuidiú le modúl iomlán den Suirbhé Náisiúnta Fostaíochta a ullmhú
- cur le ceisteanna Eorpacha polasaí, go háirithe an díospóireacht sócmhainneachta

San áireamh i bhFeachtas Feasachta Náisiúnta na bPinsean bhí an tSeachtain Náisiúnta Gníomhaíochta Pinsean i mí an Mhárta a dhírigh ar dhaoine óga, agus dhírigh feachtas roimh an spriocdháta cánach i mí Deireadh Fómhair ar cheisteanna dóthanachta agus daoine féinfhostaithe.

Déileáladh le breis is 10,000 fiosrúchán pinsin agus tugadh 450,583 cuairt ar an láithreán gréasáin i gcomparáid le 250,000 i 2006; is ionann é sin agus méadú 80%.

Cuireadh leabhráin nua eolais le chéile '*Pension Scheme Funding and Restructuring*' agus '*Trustee and Employer Checklists*'.

Soláthraí seirbhíse ar líne ó lasmuigh a sholáthair seirbhís reachtaíochta an Bhoird - www.betterregulation.com le héifeacht ó 1 Eanáir 2007.


REGULATION
COMPLIANCE
SUPERVISION
ENFORCEMENT
An Bord Pinsean -
The Pensions Board
Authority for Pensions
The Pensions Act



# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

I 2007 bhí gníomhaíochtaí an Bhoird Pinsean bunaithe ar a straitéis do 2006-2010, agus áirítear sa tuarascáil seo treoir mhionsonraithe ar ár ndul chun cinn i ndáil le gach ceann de na cuspóirí seo. Tá sé úsáideach, áfach, aird a tharraingt ar chuid de na gnéithe is suntasaí de ghníomhaíochtaí an Bhoird i 2007 agus a bhfuil beartaithe againn do 2008.

Cumhdaíonn gníomhaíocht rialála an Bhoird pinsin os cionn 800,000 comhalta gníomhach scéime, beagnach 100,000 scéim pinsean gairme, os cionn 130,000 CCSP, agus thart ar €80 billiún sócmhainní.

Bliain ghnóthach don Bhord ba ea 2007 agus é ag comhlíonadh a fhreagrachtaí rialála. Tarlaíonn beagnach an obair seo go léir trí mheán cumarsáid díreach le scéimeanna pinsean, fostóirí agus soláthraithe, agus is rogha an díogha de ghnáth é an t-ionchúiseamh. I rith na bliana, thug an Bord faoi athbhreithniú ar a thosaíochtaí agus ar a ghníomhaíochtaí rialála. Mar thoradh ar an athbhreithniú seo, atheagraíodh aonaid mhaoirseachta an Bhoird agus cuireadh tosaíochtaí nua maoirseachta i bhfeidhm. Measaimid go mbaineann an-tábhacht go deo leis na hathruithe seo san fhócas oibriúcháin. Ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil cleachtais rialála an Bhoird cothrom le dáta agus go bhfuil gníomhaíochtaí an Bhoird dírithe ar an nithe is tábhachtaí agus is éifeachtaí.

I mí Meán Fómhair 2007 d'fháiltigh an Bord roimh an chumhacht fíneálacha ar an láthair a ghearradh do chionta áirithe forordaithe a bhí rangaithe cheana féin mar chionta faoi Acht na bPinsean. Malairt iad na fíneálacha seo ar ionchúiseamh coiriúil d'iontaobhaithe agus fostóirí, agus is ionann na fíneálacha seo agus úsáid níos éifeachtaí acmhainní agus am an Bhoird. I ngach cás ina n-eisítear fógra fíneála, fós beidh an rogha ag na hiontaobhaithe nó na fostóirí i gceist dul chun na cúirte mar a bhí amhlaidh roimhe seo agus iad féin a chosaint.

Bhí an Bord sásta faoi éifeachtacht an chuir chuige seo i ndiaidh na gcumhachtaí seo a úsáid den chéad uair go luath i 2008: in a lán cásanna nuair a aimsíodh cion a bhí faoi réir fíneála, aithníodh tuilleadh fadhbanna riaracháin freisin.

Bainann feidhm lena lán de chumhachtaí rialála an Bhoird i gcás iontaobhaithe scéimeanna pinsean gairme. Tá sé seo ar fad feiliúnach bunaithe ar na sócmhainní suntasacha a bhfuil iontaobhaithe freagrach astu agus chomh maith leis sin tá sé ar fad ag teacht le hoibleagáidí na hÉireann faoi Threoir IORP an AE. Ní mór, áfach, go mbeadh rialú iontaobhaithe agus tacaíocht iontaobhaithe ag teacht lena chéile. Foilsíodh Tuarascáil an Bhoird ar Iontaobhaíocht go luath i 2007 agus moladh gur cheart riarthóirí a rialú. I rith 2007, chaith an Bord méid suntasacha ama ag obair leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh chun a leithéid de rialachán a chur i bhfeidhm, agus táimid sásta é seo a fheiceáil san áireamh in Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2008. Soláthróidh an rialachán seo tacaíocht tábhachtach d'iontaobhaithe ar féidir leo a bheith muiníneach go ndéantar maoirseacht neamhspleách ar na daoine a fhostaíonn siad chun tascanna suntasacha comhlíonta a dhéanamh, agus go bhfuil ar chumas na ndaoine sin an obair ar chaighdeán sách ard a dhéanamh. Chomh maith leis sin, cuirfidh rialú riarthóirí go mór le héifeachtacht iarrachtaí rialála an Bhoird.

Ina theannta sin, moladh sa tuarascáil iontaobhaíochta go mbeadh dualgas ar fhostóirí oiliúint a sholáthar d'iontaobhaithe scéim pinsean gairme agus cuireadh an moladh seo i bhfeidhm freisin in Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2008. Baineann costas suntasach le ranníocaíochta pinsin fostóirí agus ní bhaineann ach costas beag le tacaíocht a sholáthar d'iontaobhaithe pinsin a riarann a bpinsin i gcomparáid leis na ranníocaíochtaí seo. Is fiú go mór an costas ar fhostóirí d'fhonn a chinntiú go ndéantar maoirseacht chuí ar na socruithe pinsin agus go bhfaigheann fostóirí luach ceart as na ranníocaíochtaí pinsin a dhéanann siad.

I láthair na huaire tá uirlisí oiliúna bunaithe ar an ngréasán á bhforbairt ag an mBord d'iontaobhaithe agus tá sé i mbun idirchaidrimh leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh faoi thús a chur le reachtaíocht oiliúna iontaobhaithe. Comhlíonann iontaobhaithe feidhm thábhachtach i ndáil le breathnú i ndiaidh coigiltis phinsean, dá gcomhghleacaithe go hiondúil. Tá siad i dteideal tacaíochta mar aon le rialúchán agus tá an Bord tiomanta don tacaíocht seo a sholáthar.

I 2007, bhí torthaí infheistíocht d'fhormhór na scéimeanna pinsin díomách. Nuair a bhí an tuarascáil seo á scríobh, bhí luach sócmhainní formhór na scéimeanna ag titim go luath i 2008, rud a thug léargas ar chaillteanais i margaí infheistíochta ar fud na cruinne. Dá dheasca seo, bhí brú breise ar rátaí maoinithe agus ranníocaíochta do scéimeanna sochair shainmhínithe. Chomh maith leis sin, thit luach coigiltis bhall scéimeanna sochair shainmhínithe, agus cúis imní é seo, go háirithe i gcás na ndaoine sin a bhfuil aois scoir beagnach sroichte acu.

De bhrí gur coigiltis fhadtéarmacha iad pinsin, tá sé dosheachanta go mbeidh tréimhsí ann ina gcaillfí infheistíochtaí luach nó go mbeidh tréimhsí éiginnteachta ann. Is é an t-aon bhealach le caillteanais a sheachaint infheistiú i dtaiscí faoi ráthaíocht - éarlaisí nach dócha go mbeidh toradh sásúil infheistíochta ag baint leo. Cé gur cheart do thaisceoirí pinsin agus iontaobhaithe scéime díriú ar an bhfadtéarma, tá céimeanna is féidir a ghlacadh i bhfianaise caillteanais infheistíochta.

Ábhar leanúnach imní don Bhord go bhfuil infheistíocht agus maoiniú an iomarca scéimeanna sochair shainmhínithe bunaithe ar thoimhdí diana teacht isteach ar infheistíocht, rud nach dtugann a dóthain airde ar rioscaí agus míbhuntáistí infheistíochta. Ina theannta sin, ábhar imní eile don Bhord í infheistíocht i scéimeanna sochair shainmhínithe. Is den tábhacht é go soláthraítear míniúcháin fheiliúnacha agus intuigthe de roghanna agus rioscaí infheistíochta do bhaill scéime. Molann an Bord gur cheart roghanna nach bhfuil an oiread céanna riosca ag baint leo a chur ar fáil do bhaill atá ag dul i dtreo aois scoir agus tá an Bord go mór i bhfabhar roghanna loicthe dea-dheartha infheistíochta do na baill ar fad.

Tá freagracht ar an mBord a dhualgais a chomhlíonadh chomh héifeachtach agus is féidir. Ábhar spreagtha é dá réir sin a thabhairt faoi deara go raibh barrachas luaite le gníomhaíochtaí an Bhoird do 2008, ainneoin a áireamh sa bhuiséad go mbeadh easnamh beag ann. Is ann don bharrachas seo i gcomhthéacs táillí scéimeanna pinsean gairme, nár ardaíodh ó 2003. I rith 2008, ullmhóidh an Bord moladh don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh le haghaidh táillí do 2009 agus na blianta amach romhainn. Tuigimid go rímhaith an gá a bhaineann leis an ualach ar a leithéid de scéimeanna a laghdú, ar aon dul lenár bhfreagrachtaí reachtacha a chomhlíonadh.

Is cinnte gurb é foilsiú Páipéar Uaine ar Phinsin an Rialtais i 2007 an t-imeacht pinsean is tábhachtaí i rith na bliana. Chuir foireann an Bhoird tacaíocht teicniúil ar fáil i ndáil le hullmhú an Pháipéir, agus tá baill agus foireann an Bhoird réidh agus toilteanach cur le agus cúnamh a thabhairt le freagairt a fhorbairt agus é a chur i bhfeidhm. Tá sé tábhachtach i gcás na hÉireann go leagtar straitéis fhadtéarmach pinsean amach mar thoradh ar an bPáipéar Uaine seo. Is den tábhacht é freisin nach bhfuil moill suntasach ar bith ann i ndáil le forbairt na freagartha seo: d'fhéadfadh éiginnteacht ar bith i struchtúr pinsean amach anseo damáiste a dhéanamh do sholáthar pinsin.

**Brendan Kennedy**
*Príomhfheidhmeannach*

# Rialachán agus comhlíonadh




## Rialachán agus comhlíonadh

Comhlíonann an Bord a ról rialaitheach bunaithe ar an prionsabail seo a leanas:

**Simplíocht:** Ba chóir go bhforbródh an rialáil go léir cosaint na mball. Ba cheart go n-áireodh sé nádúr deonach scéimeanna pinsean agus an riachtanas rialála nach ábhar drochmhisnigh soláthar reatha pinsean nó bunú soláthar nua pinsin.

**Trédhearcacht:** Tá an príomh fhreagracht maidir leis an dea-iompar de na scéimeanna pinsean gairme dílsithe do na hiontaobhaithe. Cuireann an Bord béim ar an nochtadh eolais, d'fhonn daoine aonair, a gceardchumainn agus comhairleoirí eile a chur ar a gcumas, monatóireacht a dhéanamh ar staid a socruithe pinsean féin.

**Comhréireacht:** Is é ár mbeartas iarracht a dhéanamh chun géilliúlacht le riachtanais rialaitheacha a dhaingniú gan gá le gníomhaíocht dlíthiúil, ach go dtógfar a leithéid de ghníomhaíocht más gá. Is iad leasa na mball den scéim ár gcéad tosaíocht.

**Éifeachtúlacht, éifeachtacht agus cothroime:** Is iad na prionsabail ghinearálta d'éifeachtúlacht, d'éifeachtacht agus cothroime atá mar bhonn lenár ngníomhaíochtaí uile.

## Tabhairt isteach fínealacha ar-an-spota



*Clé go deas: Mary Hutch, Ceann Maoirsiú SS, An Bord Pinsean; An tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Martin Cullen TD; agus Brendan Kennedy, Príomhfheidhmeannach, An Bord Pinsean.*

## Athbhreithniú Oibriúcháin

Thug an Bord faoi athbhreithniú bunúsach ar a thosaíochtaí maoirseachta d'fhonn a chinntiú go bhfuil a chleachtas rialála éifeachtach agus go bhfuil gníomhaíochtaí dírithe ar na modhanna is tábhachtaí agus is éifeachtaí. Is é a bhí mar thoradh ar an athbhreithniú seo ná cinneadh i 2007 díriú ar chur chuige maoirseachta bunaithe ar ordlathas tosaíochtaí riosca mar seo a leanas:

1. scéim nó sócmhainní nó ranníocaíochtaí CCSP a bheith mídhílsithe
2. teidlíochtaí sochair á ríomh go mícheart
3. maoiniú neamhleor scéimeanna sochair shainmhínithe
4. infheistiú míchuí sócmhainní pinsin
5. eolas easnamhach tugtha do bhaill

Tá acmhainní maoirseachta an Bhoird atheagraithe d'fhonn deis a thabhairt dúinn feidhmiú ar aon dul leis na tosaíochtaí seo. Tá dhá fhoireann maoirseachta againn anois, Maoirsiú SS faoi stiúir Mary Hutch agus Maoirsiú RS (lena n-áirítear CCSP agus RAC Iontaobhaí) faoi stiúir Philip Dalton. Tá na foirne seo ag feidhmiú go gníomhach le haonáin rialaithe agus á soláthraithe riaracháin d'fhonn leibhéil chomhlíonta a mheas bunaithe ar na tosaíochtaí thuasluaite.

## Scéimeanna sochair sainmhínithe

Laghdaigh an líon scéimeanna gníomhacha sochair shainmhínithe a bhí cláraithe leis an mBord i rith 2007 ó 1,411 go dtí 1,319. Mhéadaigh líon na mball sna scéimeanna seo ó 8,288 go dtí 530,933, áfach.

## Scéimeanna ranníocaíochta sainmhínithe

Mhéadaigh an líon scéimeanna gníomhacha sochair shainmhínithe cláraithe leis an mBord 6,316 go dtí 98,483. Baineann formhór an mhéadaithe seo le scéimeanna Neamh-Ghrúpa nach bhfuil ach ball amháin iontu. Ag deireadh 2007 bhí ballraíocht iomlán scéimeanna sochair shainmhínithe cothrom le 269,465.

*Tábla 1 – Scéimeanna Reatha – Sochar Sainmhínithe*

| Méid na Scéime | Líon na Scéimeanna 31 Noll 07 | Líon na Scéimeanna 31 Noll 06 | Líon na mBall 31 Noll 07 | Líon na mBall 31 Noll 06 |
|---|---|---|---|---|
| Neamh-Ghrúpa | 32 | 33 | 32 | 33 |
| 1 go 50 | 777 | 839 | 13,149 | 13,868 |
| 51 go 99 | 163 | 184 | 11,909 | 13,289 |
| 100 go 500 | 239 | 251 | 54,052 | 59,302 |
| 501 go 1000 | 50 | 45 | 34,465 | 31,308 |
| 1001 + | 58 | 59 | 417,326 | 404,845* |
| **Iomlán:** | **1,319** | **1,411** | **530,933** | **522,645*** |

**Nótaí**

1) *Ní áirítear RDB Amháin agus scéimeanna Sochair Bháis.*
2) *Ní áirítear scéimeanna calctha agus scéimeanna foirceanta.*
3) *Is ionann 'Neamh-Ghrúpa' agus scéim, de réir a bhunaithe, nach féidir léi ach ball amháin a bheith aici.*
4) ** Tá uimhreacha coigeartaithe síos 19,717 chun léargas a thabhairt ar an bhfigiúr ceart do 2006, mar thoradh ar róthuairisciú ball scéim amháin.*


*Tábla 2 – Scéimeanna Reatha – Ranníocaíocht Sainmhínithe*

| Méid na Scéime | Líon na Scéimeanna 31 Noll 07 | Líon na Scéimeanna 31 Noll 06 | Líon na mBall 31 Noll 07 | Líon na mBall 31 Noll 06 |
|---|---|---|---|---|
| Neamh-Ghrúpa | 76,172 | 70,097 | 76,172 | 70,097 |
| 1 go 50 | 21,775 | 21,476 | 90,809 | 90,713 |
| 51 go 99 | 309 | 296 | 21,457 | 20,633 |
| 100 go 500 | 194 | 176 | 35,475 | 33,045 |
| 501 go 1000 | 17 | 17 | 11,568 | 11,475 |
| 1001 + | 16 | 13 | 33,984 | 29,045 |
| **Iomlán:** | **98,483** | **92,075** | **269,465** | **255,008** |


**Nótaí**

1) *Ní áirítear RDB Amháin agus scéimeanna Sochair Bháis.*
2) *Ní áirítear scéimeanna calctha agus scéimeanna foirceanta.*
3) *Is ionann 'Neamh-Ghrúpa' agus scéim, de réir a bhunaithe, nach féidir léi ach ball amháin a bheith aici.*

*Cairt 1 – Scéimeanna Sochair Sainmhínithe Reatha i gcomparáid le 2006*




*Cairt 2 – Scéimeanna Ranníocaíochta Sainmhínithe Reatha i gcomparáid le 2006*




*Tábla 3 – Scéimeanna Reatha - Sochar Sainmhínithe agus Ranníocaíocht Sainmhínithe*

| | Líon na Scéimeanna | | Líon na mBall | |
|---|---|---|---|---|
| Méid na Scéime | 31 Noll 07 | 31 Noll 06 | 31 Noll 07 | 31 Noll 06 |
| Neamh-Ghrúpa | 76,204 | 70,130 | 76,204 | 70,130 |
| 1 go 50 | 22,552 | 22,315 | 103,958 | 104,581 |
| 51 go 99 | 472 | 480 | 33,366 | 33,922 |
| 100 go 500 | 433 | 427 | 89,527 | 92,347 |
| 501 go 1000 | 67 | 62 | 46,033 | 42,783 |
| 1001 + | 74 | 72 | 451,310 | 433,890* |
| **Iomlán:** | **99,802** | **93,486** | **800,398** | **777,653*** |

**Nótaí**

1) *Ní áirítear RDB Amháin agus scéimeanna Sochair Bháis.*
2) *Ní áirítear scéimeanna calctha agus scéimeanna foirceanta.*
3) *Is ionann 'Neamh-Ghrúpa' agus scéim, de réir a bhunaithe, nach féidir léi ach ball amháin a bheith aici.*
4) ** Tá uimhreacha coigeartaithe síos 19,717 chun léargas a thabhairt ar an bhfigiúr ceart do 2006, mar thoradh ar over reporting ball scéim amháin.*

*Cairt 3 – Cóimheas baill scéime Sochair Sainmhínithe le Ranníocaíochta Sainmhínithe 2007*




*Tábla 4 – Gníomhaíocht chláraithe - Sochar Sainmhínithe agus Ranníocaíocht Sainmhínithe*

| | Scéimeanna SS | Baill SS | Scéimeanna RS | Baill RS | Iomlán na Scéimeanna | Iomlán na mBall |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ean-07 | 1,411 | 522,645* | 92,075 | 255,008 | 93,486 | 777,653* |
| Clárúcháin i 2007 | 105 | 22,520 | 15,589 | 38,911 | 15,694 | 61,431 |
| Gluaiseachtaí eile | -197 | -14,232 | -9,181 | -24,454 | -9,378 | -38,686 |
| Noll-07 | 1,319 | 530,933 | 98,483 | 269,465 | 99,802 | 800,398 |
| **Athrú sa bhliain** | **-92** | **8,288** | **6,408** | **14,457** | **6,316** | **22,745** |

**Nótaí**

1) ** Tá uimhreacha coigeartaithe síos 19,717 chun léargas a thabhairt ar an bhfigiúr ceart do 2006, mar thoradh ar róthuairisciú ball scéim amháin.*

## Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (CCSP)


Bhí 130,709 conradh CCSP - scoilte 77:33 i bhfabhar conarthaí Caighdeánacha ann ag an 31 Nollaig 2007. B'ionann luach na sócmhainní a bhí á mbainistiú agus €1.25 billiún.

Bhí 84,557 fostóir sínithe le soláthraí CCSP faoi na riachtanais éigeantacha rochtana fostóra agus bhí CCSP ag 45,243 fostaí trína fhostóir.


Ceadaíodh dhá tháirge bhreise Chaighdeánacha i rith na bliana, rud a chiallaigh go raibh 62 táirge le fáil sa mhargadh, 27 Táirge Caighdeánach agus 35 Táirge Neamhchaighdeánach.

Sholáthair na soláthraithe tuarascálacha ráithiúla i rith na bliana. Bhí eolas le fáil sna tuarascálacha seo ar líon agus luach carnach sócmhainní na gconarthaí do gach ráithe. Tá léargas le fáil ar staitisticí achomair a bhaineann leis na tuarascálacha seo agus comparáid bliain i ndiaidh bliana le fáil sna cairteacha seo a leanas.

*Comparáid CCSP Bliain ar Bhliain - 31 Nol 2003 go 31 Nol 2007*




*Ceapacháin Fhostóra CCSP*



## Imscrúduithe agus gníomhaíocht chomhlíonta

Tionscnaítear imscrúduithe boird i ndiaidh fiosrúchán nó gearán ó bhaill scéime, iontaobhaithe, ceardchumainn nó trí thuairisciú éigeantach nó deonach. Ina theannta sin, tionscnaítear imscrúduithe bunaithe ar iniúchtaí randamacha déanta ag an mBord bunaithe ar scéimeanna pinsean gairme agus CCSP. Is í príomhaidhm an Bhoird in imscrúdú ar bith leasa bhaill na scéime nó ranníocóirí CCSP a chosaint.

Thionscain an Bord 59 imscrúdú i ndáil le saincheisteanna a bhain le scéimeanna pinsean gairme i rith 2007 (36 scéim SS agus 23 scéim RS) agus dúnadh 68 imscrúdú i rith na bliana (28 cás SS agus 40 cás RS). Ag deireadh na bliana, bhí 65 imscrúdú fós ar siúl (41 cás SS agus 24 cás RS) i gcomparáid le 74 (33 cás SS agus 41 cás RS) ag deireadh 2006.

Tá achoimre le fáil i dTáblaí 5(a) agus 5(b) ar shonraí na n-imscrúduithe, do scéimeanna SS agus RS faoi seach, do 2007.

As an 25 tuairisc 'brathadóireachta' (15 i ndáil le scéimeanna SS agus 10 scéim RS) faighte i rith na bliana, bhain 18 de na cásanna seo (11 DB agus 7 DC) le ceisteanna a bhain le ranníocaíochtaí a bhí fós gan íoc. Tá na cásanna seo ar fad faoi réir céimeanna éagsúla d'idirghabháil Boird, é sin nó tá siad réitithe go sásúil. I measc na nithe eile a tuairiscíodh bhí:

- *Life Office* ag tabhairt le fios gur aithin sé earráid billeála i ndáil le cúig scéime faoi chúrsaí riaracháin áit ar baineadh táillí polasaí as cuntais ball trí thimpiste. Réitíodh an cheist seo agus ní raibh baill na scéime as póca dá dheasca.
- theip ar riarthóirí scéime ranníocaíochtaí a infheistiú go tráthúil. Arís, réitíodh an cheist seo agus ní raibh baill na scéime as póca dá dheasca.
- thug tairbhí amháin faoi scéim bheag féinriartha le fios gur thuairiscigh sé do na Coimisinéirí Ioncaim faoi théarmaí Chód Cleachtais Iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim, 2002, ag cur in iúl gur aistarraingíodh airgead ón gciste pinsin go míchuí. Tá an cás seo á mhonatóiriú ag an mBord ar feitheamh thoradh iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim.
- thug iontaobhaithe eolas maidir le scéim Éireannach SS (riartha sa Ríocht Aontaithe) – scéim nach raibh cláraithe leis an mBord. Tá na ceisteanna comhlíonta ar fad a bhaineann leis an scéal seo réitithe chun sástachta an Bhoird.

*Tábla 5(a) – Imscrúduithe Scéime SS - 1 Eanáir 2007 go 31 Nollaig 2007*

| | Líon na nImscrúduithe 1/1/07 | Cásanna Nua Faighte | Comhlíonta Cásanna | Líon na nImscrúduithe 31/12/07 |
|---|---|---|---|---|
| Cásobair | 18 | 21 | 24 | 15 |
| 'Brathadóireachtaí' | 15 | 15 | 4 | 26 |
| **Iomlán** | **33** | **36** | **28** | **41** |

*Tábla 5(b) – Imscrúduithe Scéime RS - 1 Eanáir 2007 go 31 Nollaig 2007*

| | Líon na nImscrúduithe 1/1/07 | Cásanna Nua Faighte | Comhlíonta Cásanna | Líon na nImscrúduithe 31/12/07 |
|---|---|---|---|---|
| Cásobair | 11 | 13 | 17 | 7 |
| 'Brathadóireachtaí' | 30 | 10 | 23 | 17 |
| **Iomlán** | **41** | **23** | **40** | **24** |

Forálann Alt 18 d'Acht na bPinsean cumhachtaí imscrúduithe a thabhairt don Bhord agus forálann sé do phionóis shonracha i gcás teip comhoibriú le himscrúduithe an Bhoird. Údaraíodh seacht n-imscrúdú den chineál sin (bhain cúig imscrúdú le scéimeanna DB) i rith na bliana. I gcás imscrúdú amháin bhí gá le hiniúchadh ar láthair áitreabh an fhostóra urraithe. Tá imeachtaí Ard-Chúirte ar feitheamh i ndáil leis an scéim sin.

## Maoirsiú CCSP

Lean an Bord le monatóireacht a dhéanamh ar oibleagáidí fostóra trí thuairiscí na Cigireachta Leasa Shóisialaigh agus tuarascálacha aonair 'brathadóireachta'. Rinneadh cigirí beagnach 1,500 fiosrúchán CCSP agus rinne an Bord tuilleadh iniúchta ar 500 díobh seo rud ba chúis le 98 iniúchadh ar fhostóirí i ndáil lena n-oibleagáidí CCSP. Tríd is tríd, dhún an Bord 225 iniúchadh fostóra go sásúil. I rith na bliana, fuarthas ocht dtuarascáil eile 'brathadóireachta' a bhain le ceisteanna CCSP; astu seo dúnadh seacht dtuarascáil faoi dheireadh na bliana.

## Tuairisciú soláthraí CCSP

Fuarthas tuarascálacha bliantúla soláthraithe don Bhord, lena n-áirítear cinneadh agus deimhniú achtúirí ceaptha CCSP, ag deireadh na chéad ráithe i 2007. Tá eolas le fáil sna sonraí maidir le leibhéal comhlíonta soláthraithe leis na forálacha reachtacha i rith na bliana roimhe sin. Cé go raibh an Bord sásta leis an leibhéal comhlíonta aithnítear an luach breise a bhaineann le hachtúire CCSP sa phróiseas seo; rinneadh anailís níos mionsonraithe ar na mionchásanna tuairiscithe neamhchomhlíonta.

## Monatóireacht ar chomhlíonadh an nochta

Déanann an Bord iniúchadh ar chomhlíonadh scéimeanna le riachtanais nochta an Achta Pinsean trí éileamh ar scéimeanna roghnaithe cuid den cháipéisíocht nach mór a chur ar fáil a sholáthar don Bhord, nó do bhaill. Déanann an Bord comparáid idir an cháipéisíocht a fháil agus riachtanais mhionsonraithe na reachtaíochta d'fhonn a chinntiú go bhfuil an Bord ag comhlíonadh leis na riachtanais.

Scrúdaíodh cáipéisíocht, go háirithe i bhfoirm tuarascálacha bliantúla iontaobhaithe, i ndáil le 26 scéim. Ba é an chonclúid a bhí leis na hiniúchtaí a rinneadh ar 18 scéim sochair shainmhínithe ná go raibh 82% den cháipéisíocht uile a cuireadh faoi bhráid comhlíontach.

As an gcáipéisíocht a ndearnadh iniúchadh air i ndáil leis an 8 scéim sochair shainmhínithe, measadh go raibh 80% comhlíontach; is ionann é seo agus feabhas éigin sna leibhéil chomhlíonta. É sin ráite, leanfaidh an Bord ag díriú ar an réimse seo d'fhonn a chinntiú go bhfeabhsaítear caighdeáin agus úsáidfear cumhachtaí a bhaineann le fíneálacha ar an láthair, ar cuireadh tús leo i 2007, chun an feabhas sin a chinntiú.

## Monatóireacht ar chaighdeán maoinithe

Éilítear faoi Acht na bPinsean nach mór do scéimeanna sochair shainmhínithe (seachas scéimeanna díolmhaithe ag rialacháin amhail scéimeanna san earnáil phoiblí) teastas maoinithe achtúireach a sholáthar don Bhord ag eatraimh trí bliana. Deimhníonn an t-achtúire scéime, beag beann ar scéim a bheith tugtha chun críche ag dáta éifeachtach an teastais, agus an mbeadh dóthain sócmhainní ag an scéim chun a dliteanais a ghlanadh. Mura raibh, caithfear moladh maoinithe atá deartha chun an caighdeán maoinithe a chomhlíonadh a chur isteach roimh an dáta éifeachtach den chéad teastas maoinithe achtúireach eile. Ní mór teastas a sholáthar don Bhord tráth nach déanaí ná 9 mhí i ndiaidh an dáta feidhme.

Lena chois sin, ní mór go n-áireodh tuarascálacha bliantúla iontaobhaithe ráiteas ón achtúire maidir le an gcomhlíonfadh an scéim an caighdeán maoinithe ar an lá deireadh den tréimhse tuairiscithe. Má theipeann ar na taifid ráitis an caighdeán seo a chomhlíonadh, ní mór don scéim teastas maoinithe achtúireach a sholáthar don Bhord laistigh de 12 mhí de dheireadh na tréimhse tuairiscithe agus ní mó don scéim togra maoinithe a ullmhú.

I 2007 fuair an Bord teastais mhaoinithe achtúireacha i ndáil le 464 scéim. Astu seo, léirigh 374 (81%) go raibh an caighdeán maoinithe comhlíonta ag na scéimeanna i gceist. Theip ar an 90 scéim eile (19%) an caighdeán maoinithe a chomhlíonadh. Is feabhas suntasach é seo i gcomparáid le figiúirí 2006 a léirigh nár sholáthair ach 70% de na scéimeanna teastais an bhliain sin a chomhlíon an caighdeán maoinithe.

I measc an 90 scéim ar theip orthu an caighdeán maoinithe a shásamh i 2007, tá tograí maoinithe i bhfeidhm ag 75 díobh, tá 49 ceadaithe do thréimhse níos faide ná trí bliana. Bhí 15 togra ar feitheamh ag deireadh na bliana - tograí a rinne ionadaíocht thar ceann 757 ball gníomhach, agus bhí comhfhreagras ar siúl idir an Bord agus iontaobhaithe na scéimeanna seo d'fhonn a chinntiú gur soláthraíodh na tograí nó, áit ar cuí, gur soláthraíodh fíorú ar fhoirceannadh na scéime.

Tá léargas le fáil anseo thíos i dTábla 6 agus 7 ar an seasamh ag deireadh na bliana i ndáil le comhlíonadh scéimeanna sochair shainmhínithe leis an gcaighdeán maoinithe. Léiríonn Tábla 8 staid fhoriomlán na scéimeanna sochair sainmhínithe a bhí faoi réir an chaighdeáin mhaoinithe ag deireadh na bliana bunaithe ar an staid mhaoinithe de réir an teastais mhaoinithe is déanaí a fuarthas, briste síos de réir catagóire na scéime agus líon na mball. Tá léargas le fáil i dTábla 9 ar sheasamh scéimeanna a sholáthair teastais mhaoinithe don Bhord i rith 2007. Tá léargas le fáil i dTábla 10 ar líon agus méid na scéimeanna atá díolmhaithe ón gcaighdeán maoinithe.

## An Caighdeán Maoinithe amhail ag 31 Nollaig 2007

*Tábla 6 – Scéimeanna Sochair Sainmhínithe Faoi Réir an Chaighdeáin Mhaoinithe*

| | Scéimeanna SS faoi réir an Chaighdeáin Mhaoinithe | | Scéimeanna a shásaigh an Caighdeán Maoinithe ag an TMA is déanaí | | Scéimeanna ar theip orthu an Caighdeán Caoinithe a bhaint amach ag an TMA is déanaí | | Scéimeanna nach bhfuil aon TMA ullmhaithe díobh fós* | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Méid na Scéime | Líon na Scéimeanna | Líon na mBall | Líon na Scéimeanna | Líon na mBall | Líon na Scéimeanna | Líon na mBall | Líon na Scéimeanna | Líon na mBall |
| Calctha | 261 | 0 | 194 | 0 | 55 | 0 | 12 | 0 |
| Neamh-Ghrúpa | 10 | 10 | 6 | 6 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| 1 – 50 | 734 | 11,636 | 541 | 8,185 | 155 | 2,841 | 38 | 610 |
| 51 – 99 | 151 | 11,045 | 107 | 7,824 | 37 | 2,657 | 7 | 564 |
| 100 – 500 | 208 | 47,740 | 138 | 31,240 | 61 | 13,765 | 9 | 2,735 |
| 501 – 1,000 | 43 | 29,936 | 37 | 25,697 | 5 | 3,424 | 1 | 815 |
| 1,001 + | 37 | 144,174 | 29 | 69,237 | 7 | 14,595 | 1 | 60,342 |
| **Iomlán:** | **1,444** | **244,541** | **1,052** | **142,189** | **322** | **37,284** | **70** | **65,068** |

** Is é atá sa bhfigiúr seo den chuid is mó ná clárúcháin níos nuaí nach bhfuil aon teastas maoinithe dlite fós ach áiríonn sé roinnt scéimeanna ina bhfuil teastas maoinithe thar ceal le bheith curtha isteach agus tá iad seo á leanúint ag an mBord.*

*Tábla 7 - Na scéimeanna ar a fuarthas Teastais Mhaoinithe dóibh i 2007*

| | Na scéimeanna ar a fuarthas Teastais Mhaoinithe dóibh i 2007* | | De sin a shásaigh an Caighdeán Maoinithe | | De sin nár shásaigh an Caighdeán Maoinithe** | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Méid na Scéime | Líon na Scéimeanna | Baill Ghníomhacha | Líon na Scéimeanna | Baill Ghníomhacha | Líon na Scéimeanna | Baill Ghníomhacha |
| Calctha | 49 | 0 | 41 | 0 | 8 | 0 |
| Neamh-Ghrúpa | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 1 – 50 | 245 | 4,199 | 193 | 3,104 | 52 | 1,095 |
| 51 – 99 | 63 | 4,727 | 54 | 4,090 | 9 | 637 |
| 100 – 500 | 75 | 16,654 | 57 | 12,154 | 18 | 4,500 |
| 501 – 1,000 | 15 | 9,785 | 15 | 9,785 | 0 | 0 |
| 1,001 + | 17 | 42,025 | 14 | 32,122 | 3 | 9,903 |
| **Iomlán:** | **464** | **77,390** | **374** | **61,255** | **90** | **16,135** |

** Nuair a chuireadh isteach níos mó ná teastas maoinithe achtúireach amháin le haghaidh scéime i rith na bliana, níl ach an teastas is déanaí léirithe sna figiúirí seo.*

*** I measc na 90 scéim seo; tá iarratais déanta ag 49 scéim chuig an mBord faoi Alt 49(3) den Acht agus tá tograí fadtréimhseacha curtha ar fáil; tá tograí trí bliana curtha ar fáil ag 26 scéim; tá seacht scéim tugtha chun críche nó beagnach tugtha chun críche; tá togra curtha ar fáil ag scéim amháin roimh dheireadh na bliana; tá scéim amháin anois ag comhlíonadh leis an gcaighdeán maoinithe agus tá an Bord fós ag lorg tograí sna sé chás dheireanacha.*

*Tábla 8 - Scéimeanna Sochair Sainmhínithe – Eisiata ón gCaighdeán Maoinithe*

| | Líon na Scéimeanna | | Líon na mBall | |
|---|---|---|---|---|
| Méid na Scéime | 31-Noll-07 | 31-Noll-06 | 31-Noll-07 | 31-Noll-06 |
| Neamh-Ghrúpa | 3 | 3 | 3 | 3 |
| 1 go 50 | 33 | 30 | 665 | 644 |
| 51 go 99 | 12 | 13 | 844 | 941 |
| 100 go 500 | 18 | 15 | 3,827 | 3,302 |
| 501 go 1000 | 6 | 4 | 4,430 | 2,438 |
| 1001+ | 21 | 22 | 272,945 | 262,418 |
| **Iomlán:** | **93** | **87** | **282,714** | **269,746** |

**Nótaí**

1) *Ní áirítear RDB Amháin agus scéimeanna Sochair Bháis.*

2) *Ní áirítear Scéimeanna Calctha agus scéimeanna foirceanta.*

3) *Is ionann 'Neamh-Ghrúpa' agus scéim, de réir a bhunú, nach féidir léi ach ball amháin a bheith aici.*

## Iarratais chuig an mBord faoi alt 49(3)

Faoi Alt 49(3) d'Acht na bPinsean, féadfaidh an Bord aontú ar dháta níos déanaí trínár féidir a bheith ag súil go réasúnach le comhlíonadh leis an gcaighdeán maoinithe sa chás go bhfuil togra maoinithe á chur i bhfeidhm. Ciallaíonn an scéim seo gur féidir tograí maoinithe a ullmhú – tograí atá deartha ar mhaithe le comhlíonadh leis an gcaighdeán thar thréimhse trí bliana nó níos mó.

I measc an 222 iarratas a cuireadh faoi bhráid an Bhoird faoi Alt 49(3) go dtí seo, ní dhearnadh ach dhá iarratas i 2007. Is féidir comparáid a dhéanamh idir seo agus 12 iarratas dá leithéid a rinneadh i 2006. I 2007, áfach, bhí roinnt athiarratas ó scéimeanna a raibh dáta níos déanaí luaite leo ach a raibh an togra imithe ó mhaith. I bhformhór na gcásanna seo mhéadaigh an fostóir a ranníocaíochtaí agus cuireadh moladh nua isteach ach i gcásanna áirithe tugadh isteach laghduithe sochair agus/nó ranníocaíochtaí na mball méadaithe i dtreo is go mbeadh siad in ann moladh nua a chur i bhfeidhm.

Nuair a bhí ag tuarascáil seo á scríobh, bhí ceann de na hiarratais a fuarthas i 2007 ceadaithe agus níl an t-iarratas eile measta go fóill mar go bhfuil an t-iarratas neamhiomlán.

## Staid foriomlán na n-iarratas chuig an mBord faoi alt 49(3)

Ag an 31 Nollaig 2007, cuireadh 222 iarratas Alt 49(3) faoi bhráid an Bhoird, agus astu sin bhí 206 scéim ceadaithe.

Diúltaíodh 16 iarratas ar an iomlán. Mar sin féin, i ngach cás, seachas trí chás, bhí athiarratas déanta ag na hiontaobhaithe agus ceadaíodh na hiarratais sin níos faide anonn. I measc na dtrí scéim fágtha, sholáthar scéim amháin togra trí bliana, sholáthar scéim amháin ranníocaíocht speisialta agus chomhlíon an scéim sin an caighdeán maoinithe, agus ghlan scéim eile an t-easnamh a bhí ann trí ranníocaíocht speisialta roimh an scéim a fhoirceannadh.

I gcás ceann de na hiarratais a ceadaíodh i rith 2007 d'eisigh an Bord treoir faoi alt 50 den Acht chuig na hiontaobhaithe ar mhaithe le sochair choinnithe faoin scéim a laghdú.

Anuraidh leanadh leis an treocht dhearfach i ndáil le scéimeanna a raibh ar a gcumas deireadh a chur lena dtograí fadtréimhseacha. Tá deireadh curtha ag 43 scéim lena dtograí anois ar na cúiseanna seo a leanas:

- shásaigh 24 scéim an Caighdeán Maoinithe
- chinn 4 scéim athrú ó thogra trí bliana go togra trí bliana go leith

- rinne seacht scéim infheistíocht chaipitil chun sócmhainneacht a athshlánú agus ansin cuireadh deireadh leis an scéim
- tugadh scéim amháin chun críche agus ansin aistríodh é go scéim eile le togra maoinithe faoi Alt 49(3) i bhfeidhm
- cuireadh críoch le scéim amháin agus aistríodh é chuig scéim shócmhainneach
- cuireadh críoch le scéim amháin agus é easnamhach

Dá réir sin, níl ach 163 de na scéimeanna ar glacadh le tograí fadtréimhseacha ina leith fós ag leanúint ar aghaidh ar an mbonn fadtréimhseach seo, laghdú 15 i gcomparáid leis anuraidh. Is ionann an 163 scéim seo agus thart ar 26,700 ball gníomhach.

## Scéimeanna trasteorann

Iarann Alt 20 den Treoir AE faoi ghníomhaíochtaí agus feitheoireacht na n-institiúidí le haghaidh scéimeanna pinsean gairme (Treoir IORP) ar scéimeanna a bhfuil bainteach i ngníomhaíochtaí trasteorann réamh-údarú agus réamh-formheas a fháil. Ní mór do scéim pinsin ar bith bunaithe in Éirinn iarratas ar údarú a chur chuig an mBord Pinsean roimh ghlacadh le ranníocaíochtaí ó ghnóthas urraithe i mballstát eile san Aontas Eorpach.

I rith 2007 fuair an Bord iarratas nua amháin ar údarú trasteorann agus cead glacadh le ranníocaíochtaí ó iontaobhaithe scéim Éireannach, agus ar an tslí sin, chiallaigh sé go bhfuair an Bord 22 iarratas ar fad. I mí Feabhra 2008, bhí 21 as an 22 iarratas ceadaithe agus bhí iarratas amháin fós á mheas. Bhain na hiarratais ar fad seachas iarratas amháin le gníomhaíochtaí trasteorann leis an Ríocht Aontaithe. Ba é an Bheilg an Ballstát eile a bhí i gceist.

Thug an Rialtóir Airgeadais sa Ríocht Aontaithe eolas don Bhord maidir le 16 scéim sa Ríocht Aontaithe a bhfuil baill Éireannacha iontu agus a bhfuil cead tugtha ina leith a bheith páirteach i ngníomhaíocht thrasteorann. Níl fógra faighte ag an mBord, ag deireadh mhí an Mhárta 2008, maidir lena leithéid de ghníomhaíocht ó bhallstát ar bith eile.

## Ionchúisimh

D’éirigh leis an mBord ceithre ionchúiseamh a dhéanamh i 2007 i gcoinne fostóirí ar theip orthu freagairt d’iarratas ar fhaisnéis i ndáil lena n-oibleagáidí éigeantacha fostóra faoi CCSP. Bhí na hionchúisimh CCSP bunaithe, in athuair, ar thuarascálacha chuig an mBord déanta ag Cigireacht na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

## Fínealacha ar-an-spota


Rinneadh rialacháin ar an 17 Meán Fómhair 2007 a thug cumhacht don Bhord fíneálacha ar an láthair a úsáid i ndáil le cionta áirithe. Feidhmíonn forálacha na bhfíneálacha mar mhalairt ar ionchúiseamh i gcás cionta áirithe faoin Acht. Féadfar an Bord fógra i scríbhinn a thabhairt do dhuine go bhfuil líomhain déanta go bhfuil cion déanta agus, más rud é, laistigh de 21 lá ó dháta an fhógra, go bhfuil an cion curtha ina cheart ag an duine chun sástachta an Bhoird agus go bhfuil an fhíneáil €2,000 íoctha, ní bheidh ionchúiseamh i gceist.

Féadfar fíneálacha ar an láthair a úsáid i ndáil le raon cionta riaracháin faoi Acht na bPinsean, lena n-áirítear:

- teip scéim a chlárú leis an mBord
- teip an t-eolas ceart a thabhairt do bhaill scéime
- teip freagairt d’iarratais ar eolas ón mBord
- teip ar fhostóirí comhairle a chur ar fhostaithe maidir le ranníocaíochtaí pinsin nó CCSP

## Conclúid

Baineann fíorthábhacht le maoirseacht cheart scéimeanna pinsean gairme, CCSP agus RAC Iontaobhaí chun coigiltis scoir a spreagadh. Leanfaidh an Bord ag comhlíonadh a dhualgais rialaitheacha trí mheáin fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, agus leanfar leis ag déanamh athbhreithnithe ar iomchuibheas a chleachtais.




# Policy, actuarial and legal services

Tá freagracht reachtúil ag an mBord comhairle a thabhairt don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh faoi chúrsaí pinsean. Tá spás tábhachtach i gcomhshaol déantúsaíochta an bheartais líonta aige trí:

- thograí a fhorbairt trí chur chuige comhpháirtíochta áit ar féidir agus comhpháirtíocht ghníomhach shóisialta a chinntiú ar bhonn leanúnach
- sainchomhairle theicniúil a thabhairt don Rialtas maidir le ceisteanna casta pinsean
- leas a bhaint as an eolas faighte ónár bpróisis rialála agus treoir thráthúil agus bheacht a sholáthar d'fhonn cur le soláthar agus slándáil pinsin agus cruth na reachtaíochta
- foinsí nua eolais a fhorbairt, dul chun cinn a mhonatóiriú i gcoinne spriocanna cumhdaigh agus feasacht a chruthú

Aithnítear i ráiteas straitéise an Bhoird 2006-2010 cur chun cinn forbairt struchtúr éifeachtach náisiúnta pinsin mar phríomhaidhm. Le cois comhairle agus leasú reachtach, bhí clár gnó polasaí 2007 níos leithne agus níos comhtháite le próisis náisiúnta déanta cinntí ná mar a bhí fíor sna blianta roimhe sin.

## Forbairtí polasaí i 2007

I measc na bhforbairtí suntasacha le linn 2007 bhí:

- ranníocaíochtaí chuig an:
  - Páipéar Uaine ar Phinsin
  - Athbhreithniú ar Mhargadh Blianachtaí na hÉireann
  - Grúpa Comhpháirtíochta Athbhreithniú Pinsean
- ullmhú na bhforálacha pinsin do dhréacht-Bhille Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2008. Is ann dó seo chun torthaí an Athbhreithnithe Iontaobhaíochta a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear, gníomhaíochtaí riaracháin riarthóirí pinsean agus smachtbhannaí do neamhchomhlíonadh a chlárú agus a iniúchadh agus is ann dó seo ar fad i ndiaidh próiseas fada comhairliúcháin
- leabhrán ar scéimeanna Hibrideacha pinsean a fhoilsiú (le comhlíonadh le tiomantas faoin gcomhaontú comhpháirtíochta sóisialta I dTreo 2016) agus treoir eile a sholáthar
- foinsí nua sonraí a fhorbairt, lena n-áirítear cuidiú le modúl iomlán den Suirbhé Náisiúnta Fostaíochta a ullmhú - suirbhé atá le déanamh i 2008
- suirbhé suntasach nua a dhéanamh bunaithe ar mhná agus ar phinsin
- cur le ceisteanna Eorpacha polasaí, go háirithe an díospóireacht sócmhainneachta

Is i gcomhthéacs an Chláir don Rialtas (foilsithe i mí an Mheithimh 2007), an comhaontú comhpháirtíochta I dTreo 2016, réamhobair an Bhoird, lena n-áirítear Athbhreithniú Náisiúnta na bPinsean agus forbairtí rialála polasaí a rinneadh le déanamh, forbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta, a dhéanfar an obair seo.

### *I dTreo 2016*

Tá léargas le fáil sa Pháipéar Uaine ar Pholasaí Pinsean, atá foilsithe anois, ar na príomhroghanna agus na príomhdhúshláin polasaí a bhaineann le pinsin. Tá an Rialtas tiomanta do fhreagairt do na comhairliúcháin de bhua fhoilsiú an pháipéir trí chreatlach a fhorbairt le déileáil go cuimsitheach leis an gclár oibre pinsean ar bhonn fadtréimhseach. Tá an Páipéar agus sonraí faoin bpróiseas comhairliúcháin le fáil ag www.pensionsgreenpaper.ie. Deis thábhachtach é seo do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí eolas a bhailiú faoi fhorbairt an pholasaí pinsean a bheidh ann amach anseo agus ba bhreá an rud é dá gcuirfeadh daoine a bhfuil tuairimí acu i ndáil leis an gceist seo páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairliúcháin.

Chomh maith leis sin, áiríonn an comhaontú comhpháirtíochta sóisialta tiomantas páipéar roghanna a fhorbairt ag féachaint do reachtaíocht Aistriú Gealltanas, ag cur an reachtaíocht fhorleathan reatha agus caighdeáin theicniúla a dhéileálann le dí-chomhbhailiú agus cumasc scéimeanna pinsin. Tá obair ar siúl ar an gceist seo i láthair na huaire.

## Athbhreithniú Náisiúnta na bPinsean

Bunaíodh an tAthbhreithniú Náisiúnta Pinsean (NPR) i 2006 de bhua iarraidh ón Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Táthar le féachaint in athuair ar an Athbhreithniú i 2008 agus measfar tráthúlacht an athbhreithnithe seo ar aon dul leis na hamlínte atá luaite le próiseas an Pháipéir Uaine, chomh fada agus is féidir.




*An tAire Martin Cullen ag seoladh an Páipéar Uaine ar Phinsin Tithe an Rialtais Deireadh Fómhair 2007*

## Polasaí rialála

I measc na bpríomhfhorbairtí a rinneadh i mbliana bhí atreorú i dtreo maoirseacht riosca-bhunaithe sa ráithe dheireanach de 2007, tús a chur le córas fíneálacha ar an láthair ag deireadh 2007 agus obair ullmhúcháin i ndáil le cur i bhfeidhm mholtaí na Tuarascála Iontaobhaíochta. Tá ardmheas againn ar an méid ama agus machnaimh a rinne ár bpáirtithe leasmhara ar na ceisteanna seo agus an cúnamh a thug siad dúinn d'fhonn chinntiú go bhfuil na forbairtí rialála nua seo praiticiúil agus éifeachtach. Tá tuilleadh eolais maidir leis na forbairtí seo le fáil ag www.pensionsboard.ie.

## Caighdeán Maoinithe

D'fhiafraigh an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar an mBord Pinsean scrúdú a dhéanamh ar fheidhmiú an chaighdeáin maoinithe agus tá moladh tugtha dó le meas.

## Fócas an Pholasaí do 2008

I 2008 beidh fócas obair an pholasaí dírithe ar fhorbairt réamhghníomhach an pholasaí rialála i gcomhthéacs athbhreithniú oibriúcháin an Bhoird, agus ag an am céanna na tiomantais atá luaite in I dTreo 2016 agus san Athbhreithniú Náisiúnta Pinsean a sheachadadh, lena n-áirítear féachaint in athuair ar an NPR. I dtéarmaí chlár oibre na hEorpa, i measc na bpríomhcheisteanna a chuirfidh an Bord leo beidh athbhreithniú ar an Treoir IORPS, ceanglais sócmhainneachta scéimeanna pinsin agus soiléiriú bacainní sóisialta agus saothair dlí ar phinsin trasteorann.

## Reachtaíocht

I rith 2007, sholáthair an Bord dréachtaí tosaigh reachtaíochta i roinnt réimsí don Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Ba é an tosaíocht reachtach a bhí luaite le 2007 dréachtú reachtaíochta le córas clárúcháin riarthóirí scéime a chur i bhfeidhm – riarthóirí a dhéanann obair riaracháin ar scéimeanna pinsin thar ceann na n-iontaobhaithe agus reachtaíocht a éilíonn ar iontaobhaithe tabhairt faoi oiliúint ag eatraimh éagsúla. Tuairiscíonn an Bord don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh maidir le hIontaobhaíocht agus léirítear é seo sna dréachtaí. Rinneadh dréachtú tosaigh na reachtaíocht i 2007 ar mhaithe le tús a chur leis an mBille Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2008.

## Athruithe reachtúla chun éifeachtacht na reachtaíochta pinsean a fheabhsú

Tá liosta mionsonraithe den reachtaíocht ar cuireadh tús leis i 2007 i ndáil le pinsin ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird ag www.pensionsboard.ie. I measc na reachtaíochta is tábhachtaí bhí Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2007; achtaíodh an tAcht seo ar an 30 Márta 2007. Chiallaigh an reachtaíocht seo gur áiríodh RAC Iontaobhaí laistigh de chlár gnó an Achta agus cuireadh tús le fíneálacha ar an láthair do sháruithe sonraithe an Achta.

á Conarthaí Blianachta Scoir (RAC) iontaobhaí tugtha faoi chúram rialála an Bhoird faoi Alt 37 den Acht um Athchóiriú an Dlí Leasa Shóisialaigh 2007, le héifeacht ón 27 Aibreán 2007. Scéimeanna iad RAC Iontaobhaí bunaithe agus ceadaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim. Is iondúil go mbunaítear na scéimeanna seo do dhaoine féinfhostaithe, fostaithe tuarastail le tuilleamh neamh-inphinsin nó duine a bhfuil níos mó ná foinse amháin tuillimh aige/aici sa chás go bhfuil ceann de na foinsí neamh-inphinsin. Faoin Acht ní mór do scéimeanna clárú leis an mBord agus táillí a íoc. I láthair na huaire tá raon cumhachtaí imscrúdaithe agus ionchúisimh ag an mBord i ndáil le RAC Iontaobhaí.



Feidhmíonn forálacha na bhfíneálacha ar an láthair mar mhalairt ar ionchúiseamh i gcás cionta áirithe faoin Acht. Gearrtar na fíneálacha seo faoi alt 3A d'Acht na bPinsean 1990 (arna leasú ag alt 39 den Acht um Athchóiriú an Dlí Leasa Shóisialaigh agus um Pinsin 2007) agus Acht na bPinsean (Fógra maidir le Cion Líomhanta) Regulations, 2007. Cuireadh na forálacha seo i bhfeidhm ar an 17 Meán Fómhair 2007.

Tugann na forálacha seo cumhacht don Bhord fíneálacha ar an láthair a ghearradh do chionta nach bhfuil chomh tromchúiseach sin i gcomparáid leis na ciontóirí a ionchúiseamh. Féadfaidh an Bord fógra a thabhairt don duine i scríbhinn go bhfuil sé líomhanta go bhfuil cion déanta. Más rud é, laistigh de 21 lá ó dháta an fhógra, go bhfuil an cion curtha ina cheart ag an duine chun sástachta an Bhoird agus go bhfuil an fhíneáil chuí íoctha, ní leanfar leis an ionchúiseamh. Táthar ag súil go gcinnteoidh fíneálacha ar an láthair go laghdófar an líon ionchúiseamh a dhéanfaidh an Bord.

## Conclúid

Is é a bhí mar phríomhaidhm ag an mBord i 2007 i ndáil le reachtaíocht, an chreatlach reachtúil a fheabhsú trí thuilleadh forbairt a dhéanamh ar an nós a bhaineann le fíneálacha ar an láthair, mar aon le forálacha Acht na bPinsean a chur i bhfeidhm agus rialacháin ábhartha maidir leis na scéimeanna RAC Iontaobhaí.



# Seirbhísí eolais agus fiosrúcháin

## Seirbhísí fiosrúcháin


Tugann foireann na Seirbhísí Eolais eolas do pháirtithe leasmhara pinsin trí fhoilseacháin, láithreán gréasáin agus seirbhísí fiosrúcháin, go tráthúil agus go beacht de réir Chairt Chustaiméirí an Bhoird.

Tá eolas agus treoir ar ardchaighdeán faoi phinsin riachtanach chun leibhéal rannpháirtíochta sa chóras náisiúnta pinsin a chur chun cinn – córas a chuireann ar chumas gach saoránach ioncam scoir a bheith acu.

I 2007, d'fhreagair feidhm Seirbhísí Eolais an Bhoird breis is 10,000 fiosrúchán faoi phinsin – fiosrúcháin ón bpobal, baill scéime, ranníocóirí CCSP, iontaobhaithe, an tionscal pinsin, na meáin agus páirtithe leasmhara eile. Tá eolas le fáil faoin gcineál fiosrúcháin agus faoi phróifíl an fhiosraitheora le fáil sna táblaí seo a leanas.

| | 2007 | | 2006 | |
|---|---|---|---|---|
| Cineálacha fiosrúcháin | Líon | % | Líon | % |
| Feidhmeanna an Bhoird Pinsean | 2,025 | 20% | 1,927 | 17% |
| Caomhnú | 478 | 5% | 750 | 6% |
| Caighdeán Maoinithe | 47 | - | 99 | 1% |
| Nochtadh | 2,063 | 20% | 2,233 | 19% |
| Dualgais na nIontaobhaithe | 200 | 2% | 246 | 2% |
| Cóireáil Chomhionann Pinsin | 30 | - | 40 | - |
| Tuairisciú Deonach & Éigeantach & Iarratais Ilghnéitheacha don Ard-Chúirt | 5 | - | 9 | - |
| CCSP | 1,285 | 13% | 1,852 | 16% |
| Ombudsman na bPinsean | 20 | - | 26 | - |
| Scéimeanna Trasteorann | 44 | - | 145 | 1% |
| Tarchuir don Ghnó Seirbhísí Airgeadais (Pinsin)/Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (RGST/GSAP) | 2,524 | 25% | 2,357 | 20% |
| Fiosrúcháin Eile | 1,563 | 15% | 2,119 | 18% |
| **Iomlán** | **10,284** | **100%** | **11,803** | **100%** |

| | 2007 | | 2006 | |
|---|---|---|---|---|
| Próifíl an fhiosraitheora | Líon | % | Líon | % |
| Pinsinéir | 170 | 2% | 322 | 3% |
| Ball Gníomhach | 3,911 | 44% | 3,878 | 39% |
| Comhlacht/Fostóir | 510 | 6% | 508 | 5% |
| Ceardchumann | 30 | - | 39 | - |
| Cleachtóir Pinsin | 634 | 7% | 932 | 9% |
| Iontaobhaí | 163 | 2% | 172 | 2% |
| RGST/GSAP | 1,654 | 19% | 1,565 | 16% |
| CCSP | 745 | 8% | 1,239 | 12% |
| Eile | 1,009 | 12% | 1,383 | 14% |
| **Iomlán** | **8,826** | **100%** | **10,038** | **100%** |




## Leabhráin eolais

Déanann an Bord athbhreithniú leanúnach ar a leabhráin eolais ar mhaithe le heolas atá le nuashonrú agus le feabhsú a aithint. I rith 2007, foilsíodh dhá leabhrán eolas nua (Maoiniú agus Athstruchtúrú Scéim Pinsin agus Seicliostaí Iontaobhaithe agus Fostóra) agus tugadh seacht gcinn dár leabhráin eolais reatha cothrom le dáta. I 2008, déanfar tuilleadh oibre chun na leabhráin reatha ar fad a athbhreithniú.

## Cur i láthair poiblí

I rith 2007, thug an Bord os cionn 40 cur i láthair eolais d'iontaobhaithe, ceardchumainn, pearsanra fostóra, comhlachtaí gairmiúla agus eile - cuir i láthair a bhí bunaithe ar phríomhghnéithe an Achta agus reachtaíocht eile a bhfuil tionchar aici ar phinsin.

## Suíomh Gréasáin (www.pensionsboard.ie)

Thug breis is 450,000 duine cuairt ar láithreán gréasáin an Bhoird i 2007, méadú 80% ó 2006. Rinneadh iniúchadh ar an láithreán gréasáin go luath i 2007 - iniúchadh a d'aithin réimsí nach mór a fheabhsú sa ghearrthréimhse, sa mheántréimhse agus san fhadtréimhse. I measc na bhfeabhsúchán is suntasaí a rinneadh i 2007 bhí:

- atheagrú na nascleanúna a d'áirigh suímh nascleanúna ar an leathanach baile a laghdú agus réimse nua inrochtaineachta a chruthú
- réimse Treorach a áireamh ar an láithreán gréasáin ina bhfuil leaganacha ar líne saor in aisce de Nótaí Treorach an Bhoird le fáil – nótaí nach raibh ach cóipeanna crua le fáil díobh roimhe seo agus a raibh sé riachtanach síntiús a íoc ina leith
- feidhmiúlacht cuardaigh feabhsaithe
- nasc díreach ar an leathanach baile d'fhiosrúcháin phinsin - fiosrúcháin a bhaineann le pinsin stáit agus pinsin seirbhís phoiblí




- cúig mheirge bhreise rothlacha ag barr na leathanach gréasáin chun aird a tharraingt ar na réimsí is mó tóir den láithreán gréasáin

### Seirbhísí Tacaíochta Iontaoibhe

I measc feidhmeanna reachtúla an Bhoird tá:

- treoir a sholáthar d'iontaobhaithe maidir lena ndualgais agus freagrachtaí i ndáil le riaradh scéime
- cóid chleachtais a eisiúint maidir le sainréimsí de dhualgais iontaobhaithe
- comhairle a chur ar an Aire maidir le caighdeáin d'iontaobhaithe agus caighdeáin a chur i bhfeidhm

Soláthraíonn an Bord tacaíocht d'iontaobhaithe trí sheirbhísí fiosrúcháin, cúrsaí oiliúna iontaobhaithe a cheadú, Lámhleabhar Iontaobhaithe, Cóid Chleachtais d'Iontaobhaithe agus an leabhrán eolais dár teideal 'So you're a pension scheme trustee?' (a tugadh cothrom le dáta i 2007).

Tá an Bord ag leanúint le soláthar áiseanna feiliúnacha oiliúna d'iontaobhaithe scéimeanna a spreagadh mar aon le glacadh leis na háiseanna seo i measc iontaobhaithe, lena n-áirítear trína ionadaíocht ar an ngrúpa stiúrtha d'Fhóram Iontaobhaithe Chumann Cistí Pinsin na hÉireann. Tá liosta na gcúrsaí oiliúna iontaoibhe formheasta ar fáil ar www.pensionsboard.ie

Foilsíodh Tuarascáil Iontaobhaíochta an Bhoird i mí Feabhra 2007. Príomh-mholadh na tuarascála ba ea scrúdú a dhéanamh ar Ríomhfhoghlaim agus é mar aidhm oiliúint iontaobhaithe a sheachadadh. Cuireadh tús le réamhthaighde ar thús a chur le clár Ríomhfhoghlama d'iontaobhaithe i 2007.

### Seirbhís reachtaíochta

Cinneadh seirbhís reachtúil an Bhoird a fháil ó Rialáil Níos Fearr le héifeacht ón 1 Eanáir 2007. Soláthraíonn táirge Pinsin Ar Líne na hÉireann de chuid na Rialála Níos Fearr leagan comhdhlúite cothrom le dáta den Acht ionas gur fusa crostagairt a dhéanamh trí hipearnaisc. Tá liosta de na hIonstraimí Reachtúla a bunaíodh ó 2002 le fáil ar rannóg '*Recent Regulations*' an láithreáin ghréasáin, mar aon le liosta iomlán de na hAchtanna agus Rialacháin leasaitheacha, agus na dátaí oibriúcháin do chodanna den Acht.

### Nótaí treorach

Soláthraíonn an Bord nótaí treorach mionsonraithe faoi na codanna éagsúla den Acht agus de na Rialacháin. I 2007, athraíodh soláthar nótaí treorach an Bhoird ó shíntiúis íoctha i bhfoirm chrua go dtí íoslódálacha leictreonacha saor in aisce ar www.pensionsboard.ie.

### Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean (FNFP)

Tá an Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean (FNFP) á reáchtáil

ag an mBord gach bliain ó 2003 i leith. Grúpa tionscadail ar a bhfuil ionadaithe ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, soláthraithe agus páirtithe sóisialta atá i gceist. D'fháiltigh an Bord roimh fhógra an Aire go raibh sé chun €1,000,000 breise a sholáthar chun leanúint le FNFP i 2007.

## Seachtain Gníomhaíochta Náisiúnta Pinsean

Reáchtáladh an tSeachtain Gníomhaíochta Náisiúnta Pinsean idir 12-18 Márta 2007 agus gné amháin den tseachtain seo ba ea dianfheachtas fógraíochta agus poiblíochta d'aoisghrúpaí 25-35 bunaithe ar an téama "*Time for Action*". I measc na ngníomhaíochtaí a eagraíodh bhí gníomhaíocht phoiblíochta sráide, fógraíocht lasmuigh, thimpeallach agus ar líne, fógraíocht náisiúnta sna meáin chlóite, fógraíocht réigiúnach agus náisiúnta raidió, teilifíse agus pictiúrlainne.

## Tosaíochtaí don FNFP 2007

Bhí sé mar aidhm ag FNFP feachtas straitéiseach feasachta pinsean a reáchtáil – feachtas a spreagfadh gníomhaíocht dhearfach. Go háirithe, dhírigh sé ar:

- an tábhacht a bhaineann le pinsin a chur ina luí ar dhaoine nach raibh pinsean ar bith acu agus a chinntiú go ndíríonn daoine le pinsin ar fheiliúnacht an phinsin sin. Fócas treisithe ar na príomhspriocanna (daoine idir 25 - 35 bliain d'aois)
- a chur in iúl do thomhaltóirí gur cheart dóibh freagracht phearsanta a ghlacadh as pleanáil dá scor mar aon le freagracht fostóirí a chur chun cinn
- spreagadh a thabhairt do shealbhóirí Cuntais Infheistíochta Coigiltis Speisialta cuid dá gcaipiteal a infheistiú i bpinsean
- insint do thomhaltóirí faoi láithreán gréasáin an Bhoird Pinsean agus faoin áireamhán coigiltis
- bonn oideachais a chruthú maidir le pleanáil scoir don todhchaí agus spreagadh a thabhairt do dhaoine eolas a fháil faoin bpinsean atá acu agus go háirithe scrúdú a dhéanamh ar fheiliúnacht an phinsin atá acu
- oibriú leis na heagraíochtaí comhpháirtíochta ar mhaithe le cumhdach pinsin a fheabhsú i measc príomhspriocanna cosúil leis an ngníomhaíocht 'oiliúint don oiliúnóir' le hIonaid Eolais do Shaoránaigh ar fud na tíre









## Athbhreithniú ar FNFP

I lár 2007, rinne an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh athbhreithniú mionsonraithe ar FNFP ag cumhdach na ceithre bliana ó cuireadh tús leis i 2003. Aontaíodh ar théarmaí tagartha maidir le reáchtáil an athbhreithnithe idir an feidhmeannacht agus an roinn agus cheadaigh Grúpa Tionscadail FNFP é.

Na príomh-thorthaí a tháing ó athbhreithniú an FNFP ná:

- Ba cheart go leanfadh an Rialtas le ról lárnach a bheith aige i gcláir oideachais airgeadais bunaithe ar phinsin trí fheachtais feasachta poiblí
- Ba cheart feachtais feasachta poiblí ar nós FNFP a reáchtáil ar bhonn leanúnach ar mhaithe le tionchar leanúnach agus dearfach a imirt
- Ní mór FNFP a leabú in obair leanúnach an Bhoird
- D'fhanfadh maoiniú FNFP ag na leibhéil reatha sa tréimhse 2008- 2010 faoi réir leithdháileadh acmhainní an Rialtais
- Ba cheart go leanfadh spriocdhíriú gníomhaíochta FNFP ar na príomhearnálacha ina bhfuil cumhdach fós íseal, earnálacha ar nós na hearnála fáilteachais, feirmeoireachta agus pobal tuaithe
- ba cheart roinnt maoiniú FNFP a fhágáil ar leataobh do phleanáil tiomanta oideachais agus do thionscnaimh oideachais
- Tá athbhreithniú le déanamh ar FNFP arís i 2010

## Conclúid

Tugann na hacmhainní a leithdháileadh ar Sheirbhísí Eolais léargas ar an tús áite a thugtar d'fheidhmeanna eolais an Bhoird an méid tacaíochta a thugann iontaobhaithe, baill scéime agus ranníocóirí CCSP d'iontaobhaithe cumarsáid agus tacaíochta eolais pinsin. I 2007, d'aontaigh an Bord ar Straitéis Eolais nuashonraithe. Foireann tionscadail de chuid an Bhoird a dhéanfaidh maoirseacht ar chur i bhfeidhm na straitéise seo. Beidh tionchar suntasach ag na haschuir ón Athbhreithniú Inmheánach Oibriúcháin ar fhreagrachtaí soláthair eolais an Bhoird amach anseo.





# Seirbhísí corparáideacha

D'fhonn seachadadh ar ár gcuspóirí straitéiseacha ní mór dúinn:

- na hacmhainní riachtanacha airgeadais, teicneolaíocha agus intleachtacha a bheith againn agus a chinntiú go bhfuil siad ag feidhmiú go héifeachtach agus go bhfuil athbhreithniú leanúnach á dhéanamh orthu
- iarracht a dhéanamh ár gcuid oibre a fheabhsú trí fhorbairt ghníomhach ár n-eagraíocht, ár bhfócas custaiméirí agus tiomantas agus cumas ár mbaill foirne
- a chinntiú go bhfuil an Bord ag comhlíonadh go hiomlán leis an gcleachtas is fearr i ndáil le rialachas corparáideach agus a chinntiú go bhfuil rioscaí á mbainistiú ar bhonn gníomhach

## Monatóireacht ar airgeadas

Mhol an Bord don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh nach ndéanfaí athrú ar bith ar tháille na scéime pinsean gairme - táille €9.50 do gach ball gníomhach scéime do 2007. Tagann sé seo le Rialacháin na Scéimeanna Pinsean Gairme (Táillí) (Leasú), 2002 (.I.R. 610 de 2002). Tá an leibhéal reatha táillí i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2003. Forálann an tAcht Pinsean (Leasú) 2002 do shruth táillí ioncaim ar leith chun an costas a bhaineann le CCSP a rialú. I 2007, bhailigh an Bord €4.37milliún i dtáillí scéim pinsean gairme agus €563,000 i ndáil le táirgí CCSP.

Ina theannta sin, sholáthair an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh maoiniú €1.07 milliún don Bhord i 2007 chun costais tabhaithe i ndáil le maoirseacht CCSP a ghlanadh.

Leanadh leis an bhFeachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean i 2007 agus soláthraíodh €1 milliún don Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh chuige seo. Léirítear an caiteachas seo sna cuntais bhliantúla.





## Teicneolaíocht faisnéise cumarsáide

I 2007 cuireadh críoch le tionscadal dhá bhliain chun seirbhísí TFC an Bhoird a thabhairt cothrom le dáta. Tionscadal suntasach a bhí anseo a d'áirigh luacháil gnó TFC, dearadh córais, cleachtadh soláthair, suiteáil agus oiliúint.

D'áirigh sé freastalaithe nua, ríomhairí pearsanta agus córais oibriúcháin nua a shuiteáil ó 2001 - trealamh a raibh a sheal oibre caite. Ar aon dul leis an uasghrádú seo chríochnaigh an Bord uasghrádú feidhmchlár chun an éifeacht is fearr agus is féidir a bhaint as na teicneolaíochtaí is nua-aimseartha i ndáil le feidhmíocht agus slándáil.

Is é a bhí mar phríomhchuspóir leis an tionscadal seo freastal ar na riachtanais TFC a bheadh ag an mBord amach anseo mar aon le luach a bhaint as caiteachas an tionscadail. Ba léir gur cabhair iad na teicneolaíochtaí Snap is déanaí chun éifeachtúlachtaí a sholáthar chun aga neamhfhónaimh an chórais a laghdú agus a chinntiú gur chruthaigh iomarcaíochtaí lárnacha ionsuite córais láidreacht ar leith sa chóras nua.

Le linn an phróisis uasghrádaithe níor cuireadh isteach ar sheachadadh seirbhíse do chustaiméirí ná baill foirne, agus d'éirigh go breá leis an tionscadal. Ciallaíonn na córais agus na feidhmchláir nua go bhfuil seirbhís inmheánach agus sheachtrach den scoth á soláthar. Leanfaidh feidhm TFC an Bhoird leis na teicneolaíochtaí digiteacha is nua-aimseartha a mheas ar mhaithe le cur le slándáil agus le luach na seirbhíse a sholáthraímid dár gcustaiméirí.

## Acmhainní daonna

Tá an Bord ag leanúint lena chleachtais Acmhainní Daonna a fhorbairt, ag obair go dlúth leis an gCoiste Comhpháirtíochta agus leis an bhFoireann Bainistíochta chun cumas foirne, tiomantas mar aon le deis a chothú. Toghadh Coiste Comhpháirtíochta nua i mí Eanáir 2007 agus thacaigh an Bord leis an bpróiseas comhpháirtíochta trí thionscnaimh thiomanta oiliúna agus forbartha a eagrú don choiste nua.

Aithnítear na riachtanais oiliúna agus forbartha eagraíochta agus aonair trí Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF), a léiríonn, mar shampla, athruithe sa teicneolaíocht, riachtanais solúbtha agus as déis a chéile. Tá oiliúint ar fáil freisin do na fostaithe ar fad trí imeachtaí struchtúrtha oiliúna, imeachtaí inmheánacha agus seachtracha san áireamh. Mar chuid de Phlean Gníomhaíochta Nuachóirithe an Bhoird rinneadh athbhreithniú ar an bpróiseas CBFF ar mhaithe leis a chomhtháthú le cur chun cinn agus bronnadh incrimintí. Tháinig an córas athbhreithnithe seo i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2008.

Is é an tArd-Rúnaí sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a dhéanamh monatóireacht ar dhul chun cinn Plean Gníomhaíochta Nuachóirithe an Bhoird. Mar chuid den phróiseas seo measadh gur chomhlíon dul chun cinn an Bhoird a chuspóirí faoin bplean a bhaint amach na critéir cháilíochta íocaíochta an 1 Meitheamh 2007 faoin gComhaontú I dTreo 2016.

Bhronn an Bord duaiseanna oideachais fhoirne freisin faoi Scéim na nDámhachtainí Oideachais a spreagann an fhoireann tabhairt faoi oiliúint acadúil agus gairmiúil bhreise.

## Sláinte agus sábháilteacht

Tháinig Rialacháin Sábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair (Úsáid Ghinearálta) 2007 (I.R. Uimh. 299 de 2007) i bhfeidhm ar an 1 Samhain 2007. D'fhoráil na Rialacháin seo do roinnt athbhreithnithe ar na nósanna imeachta agus cleachtais reatha sláinte agus sábháilteachta.

Ciallaíonn na rialacháin seo go bhfuil oibleagáidí maidir le sábháilteacht agus sláinte le comhlíonadh ag fostóirí, fostaithe agus daoine eile. Mar chuid den obair ullmhúcháin a bhain le hathbhreithniú na rialachán seo rinne an Bord iniúchadh agus athbhreithniú sábháilteachta ar a Ráiteas Sábháilteachta reatha. Chruthaigh sé seo an bonn don ráiteas nua - ráiteas a aontaíodh air ag leibhéal bainistíochta agus Comhpháirtíochta. Cuirfear oiliúint agus nósanna imeachta nua ar fáil d'fhoireann an Bhoird d'fhonn tacú le sláinte agus sábháilteacht mar chuid de chur i bhfeidhm na rialachán nua.

## Rialachas

I mí Deireadh Fómhair 2001 d'eisigh an Roinn Airgeadais Cód Cleachtais éigeantach athbhreithnithe i ndáil le Rialachas comhlachtaí stáit, cód a bhain leis na comhlachtaí stáit tráchtála agus neamhthráchtála ar fad. Ghlac an Bord leis an gcód cleachtais go foirmiúil ag cruinniú mhí an Aibreáin 2002 agus tá sé ag leanúint ar aghaidh ag cloí le forálacha an chóid agus déantar monatóireacht rialta ar cheanglais an Bhoird. Chomh maith leis sin, tá treoir faighte ag baill uile an Bhoird maidir le cóid eiticiúla iompair agus go háirithe freagracht an Bhoird i ndáil leis an gCód Cleachtais do bhaill agus don fhoireann.

## Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001

Is comhlacht poiblí forordaithe é an Bord chun críche na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Tá comhairle tugtha do na baill Boird (mar shealbhóirí 'stiúrthóireachtaí ainmnithe') agus tá comhairle curtha ar bhaill foirne a bhfuil 'poist ainmnithe' acu maidir lena n-oibleagáidí faoi reachtaíocht eitice agus tá treoir chuí tugtha freisin.

## Bainistiú riosca

Faoi fhorálacha an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit tá dualgas ar gach comhlacht san earnáil phoiblí córas foirmiúil bainistíocht riosca a chur i bhfeidhm. Tá ról réamhghníomhach ag an mBord maidir le bainistíocht riosca le blianta fada, agus cuireadh an chéad Clár Riosca le chéile i mí na Nollag 2002 agus cuireadh leagan cothrom le dáta le chéile i 2004.

Sa bhliain 2007 chríochnaigh an Bord athscrúdú mionsonraithe ar an bpróiseas reatha bainistíocht riosca trí úsáid a bhaint as an gcur chuige a mhol an Foras Riaracháin.

Cuireadh dhá cháipéis thábhachtacha i dtoll a chéile ag deireadh an phróisis seo: Polasaí Bainistíochta Riosca, a leagann amach príomhróil agus príomhfhreagrachtaí bainistíochta riosca an Bhoird, agus Clár Riosca Corparáideach, ina bhfuil sonraí maidir leis na rioscaí is suntasaí atá os comhair an Bhoird agus an nós imeachta atá i bhfeidhm chun na rioscaí seo a bhainistiú.


## Conclúid

Tá an Bord, mar chomhlacht reachtúil neamhspleách, freagrach as a struchtúir féin riaracháin agus tacaíochta a sholáthar do na príomhaonaid seachadta seirbhíse. Áiríonn a leithéid de thacaíocht riaracháin rialachas corparáideach agus rúnaíocht, rialú airgeadais agus cuntasaíocht, acmhainní daonna, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, bailiú táillí agus clár na scéimeanna pinsean gairme. Mar chuid d'athstruchtúrú na feidhme maoirseachta tá sé beartaithe freagracht don chlár a athshannú chuig an bhfeidhm mhaoirseachta i 2008.

# Foireann an Bhoird Pinsean

Déantar an chinntíocht laethúil a thiomnú don fhoireann faoi mhaoirsiú gníomhach an Bhoird.

Foireann an Bhoird ar 31 Nollaig 2007.




Brendan Kennedy
*Príomhfheidhmeannach*



Mary Hutch
*Ceannaire ar Mhaoirsiú SS*




Philip Dalton
*Ceannaire ar Mhaoirsiú RS*



Yvonne White
*Ceannaire ar Sheirbhísí Dlíthiúla, Achtúireacha agus Polasaí*



Sylvia McNeece
*Comhairleoir Dlí*



Pat O'Sullivan
*Comhairleoir Achtúire*



Tom Dunphy
*Ceannaire ar Sheirbhísí Corparáideacha (Rúnaí don Bhord)*



David Malone
*Ceannaire ar Sheirbhísí Eolais*





**Maoirsiú Scéime, CCSP agus RAC iontaobhaí**

**Maoirsiú SS**

Gerard Clarke
Carol Jordan
Edel Stenson
Sherry Bass
Martin Buggy
Mary Conlon
Valerie Christie

**Maoirsiú RS**

Mary Howe
Aideen Bugler
Mary Broderick
Catherine Goulding
Gillian Murray
Barry O'Connor
Julie McCarthy

**Clárú Scéime**

Ronan Scott
Marie Earley
Alison Massey

**Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean**

David Malone (suas go Meán Fómhair 2007)

**Seirbhísí Eolais agus Fiosraithe**

Aongus Horgan
Ciarán Holahan
Deirdre Kelly
Emily Kealey
Eileen Flynn
Elaine Gallery
Maura Moroney
Catherine McAuley

**Seirbhísí Dlíthiúla, Achtúireacha agus Polasaí**

Cheryl Richardson
Andrew Nugent
Renée O'Reilly
Emma Hunter
Helen King

**Seirbhísí Corparáideacha**

Gregory Whelan
John McCarthy
Rachael Gleeson
Kieran O'Dea
Christina Winters
John Henry
Aisling Delaney

# Ráitis airgeadais

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 34 |
| Ráiteas ar dhualgais an Bhoird | 36 |
| Ráiteas an Chathaoirligh ar an gcóras inmheánach um rialú airgeadais | 37 |
| Ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta | 39 |
| Cuntas ioncaim agus caiteachais | 41 |
| Clár comhardaithe | 42 |
| Ráiteas faoi shreabhadh airgid | 43 |
| Nótaí do na ráitis airgeadais | 44 |

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais an Bord Pinsean don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 iniúchta agam faoi Acht na bPinsean, 1990.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhordaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

## Freagrachtaí an Bhoird agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Bord Pinsean freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Achta na bPinsean, 1990 agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Bord Pinsean na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Bhoird.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdean Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairismím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair cuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmhéanach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Bord an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chas ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an ráiteas maidir le Rialú Inmhéanach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thurasacáil má thagain ar an eolas faoi rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíráiteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

## An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchnóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Cleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchash, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht a n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Bhoird, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé calaois nó neamhrialteacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna raitis airegeadais san iomlán freisin.

## Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíocht a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghóthaí an Bhoird ag 31 Nollaig 2007 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an mBoird. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

**Gerard Smyth**

Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Aibreán 2008

# Ráiteas ar dhualgais an Bhoird

Faoi Alt 22(1) de Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, tá sé de dhíth ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú ina leithéid de shlí go bhféadfadh a bheith formheasta ag an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh le haontú an Aire Airgeadais. In ullmhú na ráitis airgeadais seo, tá sé de dhíth ar an mBord:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- breithiúnais agus meastacháin réasúnacha agus stuama a dhéanamh
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thoimhdiú go leanfaidh an Bord de bheith i ngnó
- aon neamhchomhlíonadh ó na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Bord freagrach as ucht leabhair chuntais chuí a choimeád, a nochtann le cruinneas réasúnta stádas airgeadais an Bhoird ag aon am agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 22(1) de Acht na bPinsean, 1990, arna leasú. Chomh maithe le sin tá an bord freagrach as ucht sócmhainní an Bhoird a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a aithint agus a chosc.

**Tiarnan O Mahoney**
*Cathaoirleach*

**Dervla Tomlin**
*Ball den Bhord*

21 Aibreán 2008

# Ráiteas an Chathaoirligh ar an gcóras inmheánach um rialú airgeadais

## Freagracht as ucht córas inmheánach um rialú airgeadais

Thar cheann an Bhoird, admhaím ár bhfreagracht chun a chinntiú go bhfuil córas rialaithe airgeadais inmheánaigh cuí á choimeád agus á fheidhmiú againn.

Ní féidir leis an gcóras urrús absalóideach a thabhairt ach urrús réasúnach go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go dtabharfaí iad faoi deara in achar tráthúil ama.

## Príomh-ghnáthaimh rialaithe

Tá céimeanna tógtha ag an mBord chun timpeallachta rialaithe cuí a chinntiú trí:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir
- nósanna imeachta tuairiscithe a bhunú chun teipeanna suntasacha a rialú agus a chinntiú go ndéantar gníomhaíocht chuí cheartaitheach
- Coiste Airgeadais agus Iniúchta a bhunú
- deighilt shoiléir a chruthú idir feidhmeanna an Bhoird agus feidhmeanna Feidhmiúcháin
- Cód Cleachtais a fhoilsiú do bhaill den Bhord agus d'fhoireann an Bhoird
- iniúchóirí inmheánacha a cheapadh

Tá próiseas bunaithe ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- nádúr, méid agus an impleacht a d'fhéadfadh a bheith ag rioscaí atá os comhair an Bhoird a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí atá inghlactha
- an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta a mheas
- cumas an Bhoird chun na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú
- ag féachaint do chostais oibriúcháin rialuithe áirithe gaolmhar leis an sochar faighte

Tá an córas rialúcháin inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreatlach de bhainistíocht faisnéise rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmligin agus freagrachta. Go háirithe áirítear:

- córas cuimsitheach buiséadaithe ina bhfuil buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a aontaíonn an Bord leis
- athbhreithnithe rialta ar thuairiscí airgeadais thréimhsiúla agus bhliantúla á ndéanamh ag an gCoiste Airgeadais agus Iniúchta agus ag an mBord – athbhreithnithe a thugann léargas ar fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- spriocanna a leagan síos le feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas
- iniúchtaí inmheánacha rialta

Díreach mar a cuireadh i bhfeidhm i 2003, príomhghné maidir le heolas a thabhairt don Bhord faoi éifeachtúlacht an chórais inmheánach rialuithe airgeadais é an t-iniúchadh inmheánach. Feidhmíonn na hiniúchóirí inmheánaigh faoi réir an Cód Cleachtais le haghaidh Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Faigheann obair an iniúchta inmheánaigh eolas trí anailís a dhéanamh ar an riosca a bhfuil an comhlacht faoina réir agus tá cleachtadh anailíse lán riosca déanta maidir leis sin. Tá anailís riosca agus an iniúchadh inmheánaigh formhuinithe ag an gCoiste Airgeadais agus Iniúchta agus formheasta ag an mBord.

I rith 2007, rinne an Bord athbhreithniú cuimsitheach ar a phróiseas reatha bainistíochta riosca trí leas a bhaint as cur chuige molta ag an bhForas Riaracháin. Is é a bhí mar thoradh ar an athbhreithniú seo gur forbraíodh Clár Riosca Corparáideach agus Polasaí Bainistíochta Riosca.

Trí ghníomhaíocht leanúnach an Choiste Airgeadais agus Iniúchta, d'éirigh leis an mBord, sa bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2007, monatóireacht a dhéanamh ar obair na feidhmeannachta sa réimse rialú airgeadais. Rinne an coiste iniúchadh ar na gnéithe seo go háirithe:

- cuntais bhainistíochta ráithiúla, mar aon le hanailís agus míniú ar dhiallais shuntasacha ón mbuiséad
- cuntais bhliantúla do 2006 agus míniú ar dhifríochtaí suntasacha
- buiséad bliantúil agus plean airgeadais do 2008
- an Clár Riosca Corparáideach agus an Polasaí Bainistíochta Riosca
- tograí maidir le maoiniú corparáideach
- tuairiscí inmheánacha iniúchta

## Athbhreithniú bliantúil ar rialuithe

Deimhním maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2007 go rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais inmhe anach um rialú airgeadais.

**Tiarnan O Mahoney**
*Cathaoirleach*

21 Aibreán 2008

# Ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta

Tá na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas tar éis a bheith curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach ag déileáil le míreanna a glacthar leo mar ábhartha i leith na ráitis airgeadais.

### a) Bonn ullmhúcháin ráiteas airgeadais

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoin modh fabhraithe cuntasaíochta agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil i bhfoirm atá ceadaithe ag an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh le comhthoiliú an Aire Airgeadais, de réir Alt 22(1) d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú.

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe chomh maith faoi réir caighdeáin chuntasaíochta atá inghlactha go ginearálta in Éirinn, caighdeáin atá forbartha ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta. Tá na torthaí tugtha i euro.

### b) Ioncam táille

Léiríonn ioncam táille:

i) An méid a mheasann an Bord a bhaileofar i ndáil le Scéimeanna Pinsean Gairme sa bhliain. Áiríonn an meastachán seo fáltais airgid de bhua éileamh eisithe agus breathnaítear ar réasúntacht an fhigiúir seo i gcomparáid leis an ioncam táillí a bhfuil súil leis bunaithe ar an bpróifíl scéimeanna atá ag an mBord ar ríomhaire.

ii) Méideanna dlite i ndáil le táillí feidhmchláir, táirgí agus bliantúla gearrtha ar sholáthraithe Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (CCSP). Tá táillí CCSP ríofa trí thagairt don líon de tháirgí formheasta cláraithe agus luach na gcistí faoi bhainistíocht an tsoláthraí ag deireadh na bliana roimhe sin.

### c) Deontas Stáit

Léiríonn deontas Stáit an méid curtha ar fáil don bhliain ábhartha ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh chun:

- costas na sochar aoisliúntais íoctha ag an mBord a fhorchúiteamh
- na glanchostais a bhaineann le ról an Bhoird i ndáil le CCSP a ghlanadh
- na costais a bhaineann leis an bhFeachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean a ghlanadh
- cur le costais ábhartha eile

### d) Cúlchiste caipitiúil CCSP

Is ionann an cúlchiste seo agus luach neamh-amúchta an deontais Stáit a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach. Amúchtar an cúlchiste seo ar aon dul le dímheas na sócmhainní cuí faighte.

### e) Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas

Tá sócmhainní seasta inbhraite taispeánta ar chostas lúide dímheas carntha. Gearrtar dímheas ón gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir méid chothroim ag na rátaí bliantúla atá leagtha amach anseo thíos, ionas gur féidir na sócmhainní a dhíscríobh, coigeartaithe do luach measta iarmharach, thar an saol úsáideach a bhfuil leis i ngach catagóir oiriúnach.

- Feabhsuithe léasacha 6⅔% - 15 Bliain
- Trealamh Ríomhaireachta 25% - 4 Bliana
- Troscán oifige 12½% - 8 mBliana
- Trealamh oifige 20% - 5 Bliana

### f) Léas oibríochta

Déileáiltear le híocaíochtaí cíosa sa chuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain lena mbaineann siad.

### g) Aoisliúntas

Bunaithe ar na socruithe seo mar a bhfuil cur síos déanta orthu i nóta 20 - socruithe atá i bhfeidhm ag an mBord i ndáil leis an scéim sochair shainmhínithe atá aige d'fhostaithe - is é tuairim an Bhoird nach bhfuil forálacha Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir i ndáil le cuntasaíocht do dhliteanais phinsin a thagann chun cinn faoi scéimeanna sochair shainmhínithe, Infheidhme i ndáil lena imthosca féin.

Dá réir sin, gearrann an Bord ranníocaíochtaí fostóra i ndáil le hioncam agus caiteachas sa bhliain amhail is dá mba scéim sochair shainmhínithe a bhí i gceist sa scéim.

Cuirtear íocaíochtaí sochair aoisliúntais san áireamh mar mhír caiteachais agus léirítear é mar chomh-ioncam ag seasamh d'íocaíochtaí á fháil ar ais ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

## h) Cúlchiste forfheidhmithe géillte

De bhrí gurb é an Bord Pinsean an comhlacht reachtúil rialála atá freagrach as comhlíonadh iontaobhaithe scéime le forálacha Acht na bPinsean 1990, arna leasú, a mhonatóiriú agus a chur i bhfeidhm, d'fhéadfadh go mbeadh gá ag an mBord le gníomhaíocht dhlíthiúil ó am go ham.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh costais shuntasacha a bheith le n-íoc ag an mBord as gníomhaíocht den chineál sin. Ní féidir braith roimh ré cathain a thiocfadh a leithéid de chásanna chun cinn ná an leibhéal costais a thiocfadh as, ach is é dearcadh an Bhoird gur chóir go leor acmhainní a bheith ar fáil nuair a tharlaíonn sé agus a leithéid do chostais a leathadh amach thar cúpla bliain.

Dá réir sin, aistrítear méideanna ón gcuntas ioncaim agus caiteachais go dtí an cúlchiste forfheidhmiúcháin comhlíonta ach a mbíonn a leithéid riachtanach.

# Cuntas ioncaim agus caiteachais

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007**

| | Nótaí | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Táillí Scéime Pinsean Gairme | | **4,367,102** | 4,358,413 |
| Táillí Chúntas Coigiltis Scoir Phearsanta | *1* | **562,759** | 361,838 |
| Ranníocaíochtaí solathraí FNFP | *2* | **-** | 32,000 |
| *Deontas Stáit maidir le:* | | | |
| Íocaíochtaí pinsean le baill foirne scortha | | **139,408** | 316,099 |
| Costais Chúntas Choigiltis Scoir Phearsanta | *1&19* | **1,073,161** | 1,162,470 |
| Costais Fheachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean | *2* | **1,000,000** | 1,000,000 |
| Ioncam eile | *3* | **254,111** | 257,372 |
| Ioncam iomlán | | **7,396,541** | 7,488,192 |
| Tarchuir (go dtí)/ó chúlchiste caipitiúil CCSP | *15 & 19* | **(16,034)** | 71,883 |
| | | **7,380,507** | 7,560,075 |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail, pinsin agus costais choibhneasta | *4* | **2,989,881** | 3,206,056 |
| Táillí agus costais de chuid baill an Bhoird | *5* | **137,919** | 141,564 |
| Cíos agus costais oifige | *6* | **758,913** | 774,051 |
| Earcaíocht, traenáil agus oideachas | *7* | **138,125** | 150,281 |
| Eolas, taighde agus poiblíocht | *8* | **1,027,969** | 992,636 |
| Comhairliú agus táillí gairmiúla eile | *9* | **1,038,034** | 761,301 |
| Riarachán ginearálta | *10* | **346,615** | 385,634 |
| Dímheas | *11* | **197,753** | 183,548 |
| Caiteachas iomlán | | **6,635,209** | 6,595,071 |
| **Farasbarr don bhliain** | | **745,298** | 965,004 |
| Cúlchiste ioncaim ar 1 Eanáir | | **5,731,535** | 4,766,531 |
| **Cúlchiste ioncaim ar 31 Nollaig** | | **6,476,833** | 5,731,535 |

Ní raibh aon ghnóthachain nó caillteanais ag an mBord sa bhliain airgeadais nó sa bhliain airgeadais roimhe sin seachas na cinn sin pléite sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Baineann torthaí na bliana le oibreacha leanúnacha.

Tá an ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta, ráiteas faoi shreabhadh airgid agus nótaí 1 go 23 ina bpáirt de na ráitis airgeadais seo.

**Tiarnan O Mahoney**
*Cathaoirleach*

**Brendan Kennedy**
*Príomhfheidhmeannach*

21 Aibreán 2008

# Clár comhardaithe

**ar 31 Nollaig 2007**

| | | 2007 | | 2006 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | *Nótaí* | € | € | € | € |
| **Sócmhainní seasta** | | | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | *11* | | **903,071** | | 834,616 |
| **Acmhainní reatha** | | | | | |
| Féichiúnaithe | *12* | **687,722** | | 811,047 | |
| Banc | *18* | **5,856,314** | | 5,204,969 | |
| | | **6,544,036** | | 6,016,016 | |
| **Fiachais Reatha** | | | | | |
| Méideanna na gcreidiúnaithe dlite laistigh de bhliain amháin | *13* | **369,852** | | 534,709 | |
| **Glansócmhainní reatha** | | | **6,174,184** | | 5,481,307 |
| **Sócmhainní iomlán** | | | **7,077,255** | | 6,315,923 |
| **Maoinithe ag** | | | | | |
| Cúlchiste forfheidhmithe géillte | *16* | **300,000** | | 300,000 | |
| Cúlchiste caipitiúil CCSP | *15 &19* | **300,422** | | 284,388 | |
| Cúlchiste ioncaim | | **6,476,833** | | 5,731,535 | |
| | | | **7,077,255** | | 6,315,923 |

Tá an ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta, ráiteas faoi shreabhadh airgid agus nótaí 1 go 23 ina bpáirt de na ráitis airgeadais seo.

**Tiarnan O Mahoney**
*Cathaoirleach*

**Brendan Kennedy**
*Príomhfheidhmeannach*

21 Aibreán 2008

# Ráiteas faoi shreabhadh airgid

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007

| | Nótaí | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|---|
| Ráiteas faoi shreabhadh airgid | | | |
| Insreabhadh airgid glan ó ghníomhaíochta oibríochta | 17 | **762,270** | 920,551 |
| Aischuir ó infheistíochtaí agus seirbhísí airgeadais | | | |
| Ús faighte | | **154,222** | 32,146 |
| Caiteachas caipitiúil | | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a ghnóthú | | **(266,282)** | (54,478) |
| Fáltais ó dhíolachán sócmhainne seasta | | **1,135** | 10,250 |
| Bainistiú acmhainní leachtacha | | | |
| (Méadú) i dtaiscí gearr-théarmacha | | **(762,381)** | (500,000) |
| **(Laghdú)/Méadú in airgead tirim** | | **(111,036)** | 408,469 |
| Réiteach de shreabhadh airgid glan go dtí gluaiseacht i gcistí glan | 18 | | |
| (Laghdú)/Méadú in airgead tirim sa bhliain | | **(111,036)** | 408,469 |
| Méadú i dtaiscí gearr-théarmacha | | **762,381** | 500,000 |
| Gluaiseacht i gcistí glan sa bhliain | | **651,345** | 908,469 |
| Ciste glan ag 1 Eanáir | | **5,204,969** | 4,296,500 |
| Ciste glan ag 31 Nollaig | | **5,856,314** | 5,204,969 |

# Nótaí do na ráitis airgeadais

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007

### 1. Costais agus Maoiniú CCSP

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Deontas stáit CCSP infhaighte sa bhliain | **1,073,161** | 1,162,470 |
| Táillí CCSP | **562,759** | 361,838 |
| Iomlán maidir le costais CCSP | **1,635,920** | 1,524,308 |
| | | |
| Curtha i bhfeidhm maidir le costais CCSP: | | |
| Neamh-chaipitiúil | **1,554,811** | 1,509,211 |
| Caipiteal | **81,109** | 15,097 |
| | **1,635,920** | 1,524,308 |

### 2. Costais agus maoiniú FNFP

Lean an Bord thar ceann an Rialtais leis an bhFeachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean (FNFP) i 2007. Cuireadh dáileadh €1 milliún ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar fáil i gcaitheamh na bliana ar mhaithe leis an gcuspóir seo.

Ba í an phríomhaidhm ag an bhfeachtas FNFP ná aird níos mó a dhíriú ar phinsin ar mhaithe le clúdach na bpinsean in Éirinn a mhéadú.

Caitheadh an dáileadh ar na príomh-chatagóirí seo a leanas:

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Eolas agus gníomhachtaí feasachta | **871,249** | 899,367 |
| Bainistíocht tionscadail | **75,591** | 86,415 |
| Riarachán | **37,011** | 36,662 |
| | **983,851** | 1,022,444 |

### 3. Ioncam eile

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam úis | **228,665** | 134,594 |
| Foilsiú | **7,490** | 83,042 |
| Ioncam ilghnéitheach | **17,956** | 39,736 |
| | **254,111** | 257,372 |

## 4. Costas agus líon an bhfostaithe

Is é an forlíon iomlán foirne mar a bhí formheasta ag an Aire ar 31 Nollaig 2007 ná 39.5 buan (2006 – 39.5 buan). I 2007 ba é líon meánach na bhfostaithe seachas baill foirne conartha ná 37 (2006 – 39). Seo a leanas mar a bhí na fostaithe comhiomlána agus costais choibhneasta:

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastail | **2,291,798** | 2,197,144 |
| Ranníocaíochtaí aoisliúntais an fhostóra * | **355,759** | 467,069 |
| Ranníocaíochtaí ÍMAT an fhostóra | **160,676** | 169,266 |
| Sochair aoisliúntais iníoctha | **139,408** | 316,099 |
| Foireann chonartha – ginearálta | **42,240** | 56,478 |
| | **2,989,881** | 3,206,056 |

** Féach nóta 20*

## 5. Táillí agus costais de chuid baill an Bhoird

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí an Bhoird | **137,472** | 140,000 |
| Costais | **447** | 1,564 |
| | **137,919** | 141,564 |

## 6. Cíos agus costais oifige

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cíos | **569,172** | 572,708 |
| Táille seirbhíse | **59,081** | 56,416 |
| Rátaí | **59,704** | 57,487 |
| Leictreachas | **25,361** | 25,528 |
| Glantóireacht | **26,741** | 25,639 |
| Cothabháil ghinearálta | **17,019** | 34,368 |
| Stóras lasmuigh den suíomh | **1,835** | 1,905 |
| | **758,913** | 774,051 |

Tá an Bord i seilbh áitribh ag Teach Verschoyle, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, faoi léas 25 bliain a thosaigh ar 16 Iúil 2001.

# Nótaí do na ráitis airgeadais *ar lean*

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007**

## 7. Earcaíocht, traenáil agus oideachas

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Costais earcaíochta agus foirne | **58,788** | 64,255 |
| Traenáil agus oideachas | **79,337** | 86,026 |
| | **138,125** | 150,281 |

## 8. Eolas, taighde agus poiblíocht

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fógraíocht agus gníomhaíochtaí feasachta | **797,796** | 819,632 |
| Clóbhualadh agus foilseacháin | **153,862** | 106,268 |
| Seastáin eolais agus seoltaí | **60,733** | 50,484 |
| Taighde | **15,578** | 16,252 |
| | **1,027,969** | 992,636 |

## 9. Comhairliú agus táillí gairmiúla eile

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí dlí | **357,913** | 281,676 |
| Pinsin/táillí comhairlithe achtúire | **408,553** | 225,116 |
| Eolas agus caidrimh phoiblí | **113,217** | 113,383 |
| Comhairliú bainistíochta | **62,627** | 38,463 |
| Comhairliú earcaíochta | **9,771** | 31,780 |
| Táillí iniúchta inmheánach | **14,520** | 19,231 |
| Táillí iniúchta reachtúla | **15,000** | 14,400 |
| Eile | **56,433** | 37,252 |
| | **1,038,034** | 761,301 |

## 10. Riarachán ginearálta

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Páipéarachas agus costais oifige ghinearálta | **120,328** | 201,216 |
| Guthán agus postas | **53,470** | 60,613 |
| Cothabháil ríomhaire agus ábhair inchaite | **74,480** | 76,634 |
| Taisteal agus maireachtáil | **33,298** | 35,713 |
| Árachais | **64,342** | 10,603 |
| Ús agus táillí | **697** | 855 |
| | **346,615** | 385,634 |

## 11. Sócmhainní seasta inláimhsithe

| | Feabhsuithe léasacha | Trealamh ríomhaireachta | Troscán oifige | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Costas nó luacháil** | | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2007 | **1,138,744** | 649,420 | 191,688 | 131,200 | 2,111,052 |
| Breiseanna sa bhliain | **18,948** | 241,258 | 5,146 | 930 | 266,282 |
| Diúscairtí sa bhliain | **-** | (64,271) | - | - | (64,271) |
| Ag 31 Nollaig 2007 | **1,157,692** | 826,407 | 196,834 | 132,130 | 2,313,063 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2007 | **451,242** | 593,382 | 130,209 | 101,603 | 1,276,436 |
| Táille don bhliain | **77,179** | 84,689 | 24,619 | 11,266 | 197,753 |
| Diúscairtí sa bhliain | **-** | (64,197) | - | - | (64,197) |
| Ag 31 Nollaig 2007 | **528,421** | 613,874 | 154,828 | 112,869 | 1,409,992 |
| **Glan-Luach Leabhair** | | | | | |
| Ag 31 Nollaig 2006 | **687,502** | 56,038 | 61,479 | 29,597 | 834,616 |
| Ag 31 Nollaig 2007 | **629,271** | 212,533 | 42,006 | 19,261 | 903,071 |

## 12. Féichiúnaithe

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin: | **€** | € |
| Ioncam táille | **550,000** | 588,200 |
| Ús fabhraithe infhaighte | **61,569** | 149,508 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | **59,374** | 49,465 |
| Féichiúnaithe eile | **16,779** | 23,874 |
| | **687,722** | 811,047 |

## 13. Creidiúnaithe

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin: | **€** | € |
| Fabhruithe | **192,684** | 355,255 |
| Creidiúnaí cánach | **143,153** | 141,174 |
| Creidiúnaí deontais Stáit CCSP | **19,722** | 6,060 |
| Creidiúnaithe trádála | **14,293** | 32,220 |
| | **369,852** | 534,709 |

# Nótaí do na ráitis airgeadais *ar lean*

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007**

## 14. Gealltanais airgeadais

(i) **Gealltanais chaipitiúla**

Ní raibh aon ghealltanais chaipitiúla ag 31 Nollaig 2007.

(ii) **Léasanna oibríochta**

Bhí gealltanais iníoctha sa dhá mhí dhéag le teacht ag an mBord faoi léasanna oibríochta neamh-chealaithe mar seo a leanas:

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| Léas ar chóiríocht oifige | € | € |
| Dáta éagtha tar éis cúig bliana | 555,000 | 554,672 |

## 15. Cúlchiste Caipitiúil CCSP

| | | 2007 | | 2006 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € | € |
| Ag tosach na bliana | | | 284,388 | | 356,271 |
| **Tarchuir (go dtí)/ó chuntas ioncaim agus caiteachais** | | | | | |
| Deontas na bliana reatha | | 81,109 | | 15,097 | |
| Amúchadh | - sócmhainní caipitlithe sa bhliain | (19,244) | | (3,546) | |
| | - gnóthaithe na bliana roimh ré | (45,831) | 16,034 | (83,434) | (71,883) |
| Ag deireadh na bliana | | | 300,422 | | 284,388 |

## 16. Cúlchiste forfheidhmithe géillte

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ag tús agus deireadh na bliana | 300,000 | 300,000 |

## 17. Réiteach an fharasbairr don bhliain d'airgead tirim glan ó ghníomhaíochtaí oibríochta

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr don bhliain | | |
| **Míreanna Neamh-Oibríochta** | **745,298** | 965,004 |
| Ús faighte | **(154,222)** | (32,146) |
| Farasbarr ó dhíolachán sócmhainne seasta | **(1,060)** | (2,564) |
| **Míreanna Neamh-Airgid** | | |
| Tarchuir ó cúlchiste caipitiúil CCSP | **16,034** | (71,883) |
| Dímheas | **197,753** | 183,548 |
| Laghdú/(méadú) i bhféichiúnaithe | **123,325** | (237,071) |
| (Laghdú)/méadú i gcreidiúnaithe neamh-chaipitiúla | **(164,858)** | 115,663 |
| Insreabhadh airgid glan ó ghníomhaíochta oibríochta | **762,270** | 920,551 |

## 18. Anailís na n-athruithe i gcistí glan

| | Ag 1 Eanáir 2007 | Sreabhadh airgid | Ag 31 Nollaig 2007 |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | **604,969** | (111,036) | 493,933 |
| Taiscí gearr-théarmacha | **4,600,000** | 762,381 | 5,362,381 |
| | **5,204,969** | 651,345 | 5,856,314 |

## 19. Dliteanas teagmhasach

Idir 2001 agus an 31 Nollaig 2007, fuair an Bord fóirdheontas ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh i ndáil le gníomhaíocht mhaoirseachta CCSP – fóirdheontas a bhí cothrom le €8,130,638. Cuireadh an t-airgead seo ar fáil don Bhord mar fhóirdheontas sealadach in-aisghabhála agus, dá réir sin, ar an mbonn go bhféadfadh sé a bheith inaisíoctha in imthosca áirithe.

Tá cead tugtha ag an Roinn Airgeadais, i litir dár dáta an 16 Eanáir 2008, faoi réir choinníollacha, méid iomlán an fhóirdheontais faighte a dhíscríobh agus, dá réir sin, ní ann do dhliteanas teagmhasach ar bith a bhaineann leis an gceist ón dáta sin ar aghaidh.

# Nótaí do na ráitis airgeadais *ar lean*

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007**

### 20. Cóireáil chuntasaíochta do shochair scoir*

Reáchtálann an Bord scéim sochair pinsean sainmhínithe dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar Mhúnla na Seirbhíse Poiblí agus tá sé formheasta ag an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus ag an Aire Airgeadais. Tá sochair phinsean iníoctha faoin scéim maoinithe ag an Státchiste.

Chomh maith leis sin, tá roinnt tréithe sainithe ag socruithe an Bhoird Phinsean:

- tugann an Bord ranníocaíocht aontaithe don Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
- bíonn eilimint fhostaí mar aon le heilimint fhostóra i gceist sa ranníocaíocht seo. Bíonn ranníocaíocht an fhostóra mar 16.67% de phá comhlán agus íocann an Bord as. Ar aon dul le polasaí Rialtais ar phinsin na hearnála poiblí, méadófar an ranníocaíocht seo le héifeacht ón 1 Eanáir 2009 go dtí 25% de phá comhlán d'fhostaithe atá ag íoc ÁSPC ag ráta A agus 30% de phá comhlán d'fhostaithe ag íoc ÁSPC ag ráta D
- tá gealltanas soiléir ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, le comhaontú na Roinne Airgeadais, go gcomhlíonfaidh an Státchiste costas na sochar de réir mar a thagann siad chun cinn

Measanna an Bord go bhfuil an éifeacht airgeadais chéanna ag a chuid socruithe pinsean, óna thaobh féin de, mar atá luaite thuas le scéim ranníocaíochta sainmhínithe. Tá sé den tuairim nach bhfuil forálacha an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir, a éiríonn faoi scéimeanna sochair sainmhínithe oiriúnach dá chúinsí. Dá bhrí sin déanann siad cuntasaíocht dá ranníocaíocht faoi mar dá mbeadh sé ina scéim ranníocaíochta sainmhínithe.

** Féach nóta 4*

### 21. Baill den Bhord – nochtadh idirbhearta

Tá Cód Iompair Ghnó i bhfeidhm ag an mBord le haghaidh fostaithe agus baill an bhoird faoi réir an Cód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Áiríonn an cód seo treoir i leith nochtadh na leasanna ag baill an Bhoird agus táthar tar éis cloí leis na gnáthaimh seo i gcaitheamh na bliana. Ó am go ham fostaíonn an Bord seirbhísí chomhairleoirí seachtracha le cáilíochtaí cuí chun oibreacha a dhéanamh d'fhonn cabhrú leis an mBord ina chuid oibre. Tá a leithéid de shocruithe conartha faoi réir ghnáth-gnáthaimh forthairisceana, a fheidhmíonn tríd an seirbhís phoiblí. Is cinneadh gnó don Bhord é conradh a bhronnadh d'aon tionscadal ag tabhairt aird ar riachtanais na hoibre atá le déanamh. De réir nádúr na hoibre is féidir leis an mBord socrú conartha a dhéanamh le gnóthachain ina bhfuil a chuid baill fostaithe nó a bhfuil suim acu iontu.

I rith 2007 thabhaigh an Bord táillí a bhí iníoctha le tríú páirtithe, táillí dlí san áireamh, maidir le seirbhísí gairmiúla de mhéid €640,190 le CBL san áireamh. Áirítear sa mhéid seo €61,710, a íocadh le Deloitte and Touche – gnólacht ar comhpháirtí ann é an tUasal Niall Walsh (ball den Bhord).

### 22. Cánachas

Tá an Bord díolúnach ó Cháin Chorparáideach faoi Alt 220 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997.

### 23. Formheas na ráiteas airgeasais

Rinne an Bord na ráitis airgeadais a fhormheas ar 21 Aibreán 2008.


# An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tagann an Bord Pinsean faoi théarmaí tagartha na hAcht um Íoc Pras Cuntas 1997, a tháinig i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998.

De réir na gceanglas atá leagtha amach in Alt 12 den Acht, is mian linn na nithe seo a leanas a thuairisciú:

- deimhníonn an Bord go bhfuil sé ag comhlíonadh leis an Acht um Íoc Pras Cuntas 1997 a tháinig i bhfeidhm ar an 2 Eanáir 1998
- tá sé de nós ag an mBord a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras
- íoctar na sonraisc ar fad beagnach laistigh de 30 lá ach iad a fháil
- i gcás conradh scríofa, íoctar sonraisc ar aon dul le téarmaí an chonartha
- lena chois sin, chuir an Bord córas ríomhairithe i bhfeidhm atá deartha d'fhonn a chinntiú gur comhlíonadh le forálacha íocaíochta an Achta
- sa chás gur ann do dhíospóid idir an Bord agus soláthraí, tá nós imeachta ann a chinntítear go ndéantar taifead ar theagmháil idir an Bord agus soláthraí, maidir leis an díospóid
- ní fhéadfaidh an nós imeachta dá dtagraítear ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú absalóideach a sholáthar i gcoinne neamhchomhlíonadh leis an Acht
- ní raibh íocaíochtaí déanacha ar bith ann i 2007, agus, dá réir sin, ní dhearnadh íocaíochtaí pionóis úis ar bith i rith na bliana

In athuair, is mian liom a chur in iúl go bhfuilim sásta go bhfuil gníomhaíocht an Bhoird le déileáil leis an Acht um Íoc Pras Cuntas 1997, ag comhlíonadh leis an Acht.



**Brendan Kennedy**
*Príomhfheidhmeannach*

Dáta 21 Aibreán 2008

# Aguisíní

**Aguisín I – Ag tuairisciú dul chun cinn ar ár gcuspóirí straitéiseacha – treoir léargais**

**Aguisín II – Plean Gníomhaíochta Custaiméara**

**Aguisín III – Giorrúcháin**

# Aguisín I – Ag tuairisciú dul chun cinn ar ár gcuspóirí straitéiseacha – treoir léargais

| Cuspóirí | | Dul Chun Cinn 2007 | Freagracht |
|---|---|---|---|
| **Ráiteas Misin 1** – Slándáil agus cosaint na mball de scéimeanna pinsean gairme agus ranníocóirí do Chuntais Choigiltis Scoir Phearsanta a chur chun cinn, de réir Acht na bPinsean. | | | |
| (a) | Aon athruithe reachtúla a bhfeabhsaíodh éifeachtacht an rialacháin agus/nó maoirseacht phinsin a mholadh tar éis na héifeachtaí dóchúla i gcomhthéacs na hAnailíse um Tionchair Rialála a chainníochtú. | Rinneadh dréachtú tosaigh ar an mBille Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2008, i 2007 ar mhaithe leis an Acht a leasú agus tús a chur leis an gcoincheap nach mór do riarthóirí scéime clárú leis an mBord. Beidh an Bord freagrach as caighdeáin seirbhíse riaracháin a iniúchadh agus deireadh a chur le smachtbhannaí clárúcháin nó iad a chur i bhfeidhm mura gcomhlíontar leis na caighdeáin. | Reachtaíocht |
| (b) | Maoirseacht phinsin tráthúil leanúnach agus éifeachtach a chothabháil. | Leasaíodh fíneálacha ar an láthair ar mhaithe le réiteach tráthúil agus éifeachtach a sholáthar do chionta sonraithe. | Rialachán/ comhlíonadh |
| (c) | Athbhreithniú a dhéanamh ar fhorhfeidhmiú prionsabail an Rialtais um rialáil níos fearr maidir le rialachán pinsean nua agus eiseach agus aon athruithe cuí a dhéanamh. | Rinneadh comhairliúchán seachtrach agus anailís ar thionchar rialála i ndáil le rialúchán molta riarthóirí scéime agus reachtaíocht oiliúna iontaobhaithe. | Reachtaíocht |
| (d) | Athbhreithniú agus athruithe cuí a dhéanamh ar phróisis maoirseachta na bpinsean laistigh den Bhord d'fhonn a chinntiú gur úsáid feidhmiúil agus éifeachtach iad seo d'acmhainní. | Tá acmhainní maoirseachta an Bhoird atheagraithe agus anois is ann do dhá fhoireann mhaoirseachta – Maoirsiú SS agus Maoirsiú RS (lena n-áirítear CCSP agus RAC Iontaobhaí). | Rialachán/ comhlíonadh, Reachtaíocht, Polasaí |
| (e) | Athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí pionóis agus ionchúisimh an Bhoird agus aon athruithe cuí a dhéanamh d'fhonn an leibhéal comhlíonta is mó a chinntiú gan costais ró-mhór a thabhú. | Tugadh isteach fínealacha ar-an-spota.<br><br>Ardaíodh fíneálacha ionchúisimh i ndáil le sáruithe an Achta. | Reachtaíocht, Rialachán/ comhlíonadh |
| (f) | Athbhreithniú a dhéanamh ar rialachán agus maoirseacht infheistíochta agus moladh a dhéanamh ar aon athruithe reachtúla cuí d'fhonn a chinntiú go dtacaíonn infheistíocht cuspóirí an mhaoinithe pinsean. | Cuireadh tús le rialacháin chun na rialacha infheistíochta atá luaite in Airteagal 6(4) de Rialacháin Scéimeanna Pinsean Gairme (Infheistíocht) 2006 a shoiléiriú, i ndáil le baill aonair agus l scéimeanna, ach amháin socrú aon bhaill amháin.<br><br>Chomh maith leis sin, cuireadh tús le rialacháin le déileáil le himthosca nuair is féidir le hiontaobhaithe RAC Iontaobhaí iasacht a fháil agus ceisteanna gaolmhara infheistíochta. | Reachtaíocht |
| (g) | Maoirseacht ghrúpaí ar chonarthaí blianachtaí scoir a chur in áit. | Tá reachtaíocht RAC Iontaobhaí i bhfeidhm anois agus ní mór d'iontaobhaithe comhlíonadh leis an Acht agus tá siad anois faoi réir rialacháin an Bhoird. | Reachtaíocht |

| Cuspóirí | | Dul Chun Cinn 2007 | Freagracht |
|---|---|---|---|
| (h) | Cinntí polasaithe a chur i gcrích a eascraíonn ón Treoir IORP agus ionchur le moltaí do thionscnaimh agus Treoracha eile an AE a bhaineann le pinsin. | Bhí ionadaíocht ag an mBord ag cruinnithe CEIOPS agus OPC. Bunaíodh coiste nua sócmhainneachta faoin OPC, agus is ball é an Bord.<br><br>Rinneadh ionadaithe chuig CEIOPS maidir leis an Treoir Iniompartha agus comhlíonadh ceistneoirí faoi ghnéithe pinsean a thagann chun cinn ón Treoir IORP. Ina theannta sin, mar chuid den phróiseas seo ghlac an Bord freagracht as comhordú an cheistneora dlí sóisialta agus saothair. | Reachtaíocht<br><br>Polasaí |
| (i) | Cur le fóraim maoirseachta an AE (CEIOPS agus a páirtithe oibre faoi láthair) ar mhaithe le malartú eolais agus comhoibriú i measc rialtóirí/ maoir pinsin AE chun coinbhéirseacht maoirseachta pinsin agus an fhorbairt de dhea-chleachtais a chothú. | Comhlíonadh roinnt mhaith ceistneoirí CEIOPS i rith 2007 faoi ghnéithe ábhartha de phinsin i gcomhréir leis an Treoir IORP.<br><br>Rinneadh ionadú ar an mBord ag cruinnithe ábhartha de chuid CEIOPS, OECD agus OPC i rith 2007. | Polasaí |
| (j) | Na próisis chuí a chur in áit ar mhaithe le gnó pinsean trasteorann. | Fuair an Bord iarratas nua amháin ar údarú trasteorann i 2007, rud a chiallaigh go raibh 22 iarratas den chineál sin ann. | Rialachán/ comhlíonadh |
| (k) | Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaighdeán maoinithe reachtúil d'fhonn cothromaíocht réasúnta a chinntiú idir fostóirí a éascú scéimeanna sochair sainmhínithe a chothabháil agus ábhair spéise a mbaill a chosaint. | Tá an t-athbhreithniú ar an gcaighdeán maoinithe críochnaithe agus curtha faoi bhráid an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. | Polasaí |
| (l) | Ról an Bhoird a fhorfheidhmiú i gcóras monatóireachta d'obair pinsean achtúire reachtúil. | Tá próiseas éigeantach monatóireacht chomhlíonta anois i bhfeidhm i ndáil leis an obair reachtúil atá tugtha chun críche ag achtúirí scéime. Is é Cumann na nAchtúirí in Éirinn atá freagrach as an bpróiseas seo. Mar chuid den phróiseas seo, ní mór don Bhord obair achtúireach atá le hathbhreithniú a roghnú. Tá sé de rún ag an mBord roghnúcháin den sórt sin a dhéanamh go rialta. Ag deireadh 2007, tá an chéad rogha déanta ag an mBord agus déanfar athbhreithniú ar na torthaí i rith 2008. | Polasaí |
| (m) | Teagmháil leis an Rialtóir Airgeadais leis an gcuspóir chun bearnaí nó forluí a sheachaint agus comhoibriú oiriúnach a chinntiú. | Leanadh le cruinnithe leis an Rialtóir Airgeadais i rith 2007 chun ceisteanna a bhfuil spéis ag dá dhream iontu a phlé. | Polasaí |

| Cuspóirí | | Dul Chun Cinn 2007 | Freagracht |
|---|---|---|---|
| (n) | Comhairle a thabhairt ar aon athruithe reachtúla atá ag teastáil maidir le haon scéimeanna pinsean a d'fhéadfadh a bhaint ón liosta i Sceideal C de na Rialacháin um Scéimeanna Pinsean Gairme (Caighdeán Maoinithe) 1993, agus aon athruithe dá leithéid a chur i bhfeidhm. | Lean an Bord le hidirchaidreamh leis an Roinn Airgeadais i rith 2007, agus le cúnamh ón Roinn táthar ag súil le seasamh na scéimeanna seo a réiteach sa chéad leath de 2008. | Polasaí |
| (o) | Scrúdú a dhéanamh ar chumhachtaí forfheidhmithe an Bhoird san Acht agus aon athruithe a dhéanfadh iad níos éifeachtaí a mholadh. | Cuireadh tús le fíneálacha ar an láthair.<br><br>Cuireadh tús le hobair chun riarthóirí scéime a áireamh laistigh de scóip an Achta i ndáil le gníomhaíochtaí sonracha. | Reachtaíocht |
| (p) | Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar reachtaíocht reatha chun a chinntiú go leanann sí a bheith éifeachtach. | Ullmhaíodh dréachtú tosaigh na príomhreachtaíochta d'fhonn athruithe a aithníodh a áireamh ar mhaithe le cinntiú go leantar le héifeacht a bheith leis an reachtaíocht. Déanfar monatóireacht leanúnach ar an bpróiseas seo. Cuireadh Rialacháin Nochta (Leasaithe) i bhfeidhm. | Reachtaíocht |
| (q) | Páirt ghníomhach a ghlacadh in ullmhúchán aon athruithe reachtúla agus rialúcháin riachtanacha. | Cuireadh reachtaíocht RAC Iontaobhaí i bhfeidhm. Cuireadh rialacháin bunaithe ar nochtadh, fíneálacha ar an láthair agus athbhreithniú piaraí obair achtúireach i bhfeidhm. | Rialachán/ comhlíonadh |

**Ráiteas Misin 2** –
Forbairt na struchtúr pinsean náisiúnta éifeachtacha a chur chun cinn

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | Cinntí atá le bheith tógtha ag leibhéal náisiúnta a spreagadh agus a thacú mar fhreagra ar an Athbhreithniú Náisiúnta Pinsean. | Foilsíodh an Páipéar Uaine ar Phinsin i 2007. Ghlac an Bord páirt in ullmhúchán an Pháipéir Uaine seo. Sa pháipéar seo leagtar amach na ceisteanna agus na roghanna a bhaineann leis an bpolasaí pinsin a bheidh in Éirinn amach anseo.<br><br>Leanadh le hionadaíocht an Bhoird ag cruinnithe de chuid an Ghrúpa Comhpháirtíochta Athbhreithniú Pinsean; cuid den obair seo ba ea eolas cúlra a sholáthar faoi na gnéithe éagsúla.<br><br>D'fhoilsigh an Bord treoirleabhar i ndáil le scéimeanna hibrideacha pinsin i mí Deireadh Fómhair 2007. Tugtar léargas sa treoirleabhar seo ar na cineálacha scéimeanna hibrideacha atá ag teacht chun cinn anois. | Polasaí |

| Cuspóirí | | Dul Chun Cinn 2007 | Freagracht |
|---|---|---|---|
| (b) | Imscrúdú a dhéanamh ar réimsí a nochtar san Athbhreithniú Náisiúnta Pinsean le breathnú agus plé breise agus tabhairt faoi aon ghníomh bhreise orthu siúd a measann an Bord le bheith oiriúnach fad is a bhfuil sé meabhrach de fhorbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta. | Tá an tAthbhreithniú Náisiúnta Pinsean tiomanta do thabhairt faoi thaighde bunaithe ar mhná agus pinsin. Tá tús curtha leis an obair seo cheana féin agus táthar ag féachaint ar na cúiseanna iompraíochta a bhaineann le cumhdach pinsean i measc na mban. Táthar ag ceapadh go mbeidh an obair seo críochnaithe i 2008.<br><br>Measadh na samhlacha ón Athbhreithniú Náisiúnta Pinsean nuair a bhí an Páipéar Uaine ar Phinsin á chur i dtoll a chéile. | Polasaí |
| (c) | Tuairisciú don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh faoi prionsabail chórais phinsin sainordaitheach nó leath-sainordaitheach agus córas oiriúnach d'Éireann a mholadh. | Measadh na samhlacha ón tuarascáil ar Choigiltis Speisialta Scoir nuair a bhí an Páipéar Uaine ar Phinsin á chur i dtoll a chéile. | Polasaí |
| (d) | Athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid an struchtúir iontaoibhe mar an gcóras rialachais is éifeachtaí do scéimeanna pinsean. | Tugadh faoi chomhairliúchán scríofa chun na saincheisteanna cuir i bhfeidhm a bhaineann le moltaí sa tuarascáil a phlé. Ina theannta sin, bunaíodh grúpa oibre cuir i bhfeidhm chun na ceisteanna seo a phlé. I 2007 ullmhaíodh reachtaíocht chun roinnt príomh-mholtaí atá le fáil sa tuarascáil Iontaobhaíochta a chur i bhfeidhm. Táthar ag súil go n-áireofar an reachtaíocht seo in Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2008. | Polasaí |
| (e) | Páirt ghníomhach a ghlacadh i dtionscanaimh agus forbairtí polasaí pinsean de chuid an AE, OECD agus cinn idirnáisiúnta eile, ar mhaithe le struchtúir pinsean náisiúnta na hÉireann. | I rith 2007 ghlac an Bord páirt ghníomhach trí mheán freastail ar chruinnithe ábhartha agus chur i láthair a sholáthar le haghaidh roinnt cruinnithe. | Polasaí |
| (f) | Ionchur don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir le saincheisteanna dlí teaghlaigh a bhaineann le pinsin. | Chuaigh an Bord i dteagmháil leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoi shaincheisteanna pinsean ábhartha. | Polasaí |
| (g) | Ionchur don Roinn Airgeadais agus Ioncam faoi aon saincheist cánach a bhaineann le pinsin. | Leanadh le teagmháil rialta leis an Roinn Airgeadais agus na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le ceisteanna éagsúla a bhfuil tionchar acu ar phinsin. | Polasaí |
| (h) | Athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo spriocanna pinsin i 2008. | Lean an Bord le plé a dhéanamh ar ábhar an mhodúil pinsin sa Suirbhé Náisiúnta Fostaíochta. Is é seo an chéad uair go mbeidh ceisteanna ar phinsin san áireamh sa Suirbhé Náisiúnta Fostaíochta. Bainfear amach an suirbhé i 2008.<br><br>Leanadh le teagmháil rialta leis an CSO i ndáil le suirbhéanna eile, cosúil leis an Suirbhé Náisiúnta Ráithiúil Teaghlaigh. | Polasaí |

| Cuspóirí | | Dul Chun Cinn 2007 | Freagracht |
|---|---|---|---|
| **Ráiteas Misin 3** – Leibhéal rannpháirtíochta sa chóras pinsean náisiúnta a chur chun cinn a chuireann ar chumas gach saoránach ioncam scoir fónta a fháil. | | | |
| (a) | Eolas a chur ar fáil do gheallshealbhóirí pinsin trí foilseacháin, suíomh gréasáin agus seirbhís fiosrúcháin. | Lean an Bord le feabhas a chur ar sheachadadh a sheirbhísí eolais ar líne. Soláthraítear ár leabhráin eolais uile i leith pinsin saor in aisce agus tá siad ar fáil ar líne ag www.pensionsboard.ie | Eolas |
| (b) | Feachtas Náisiúnta Meabhraíochta Pinsin a eagrú a bheidh urraithe ag an Rialtas. | D'éirigh leis an mBord Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean a reáchtáil thar ceann an Rialtais i 2007. Le linn Sheachtain Gníomhaíochta Náisiúnta Pinsean i mí an Mhárta rinneadh an-iarracht aird a tharraingt ar an spriocdháta comhdú cánach i mí Deireadh Fómhair. | Eolas |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ráiteas Misin 4** – Eolas agus treoir údarásach a chur ar fáil do pháirtithe ábhartha i dtacaíocht le slándáil phinsean, struchtúir agus rannpháirtíochta. | | | |
| (a) | Socrú a dhéanamh d'iompar suirbhéanna rialta faoi chlúdach pinsean in Éirinn. | Socraíodh leis an CSO suirbhéanna módúil phinsean a reáchtáil i 2007 mar chuid den Suirbhé Náisiúnta Teaghlaigh Ráithiúil.<br><br>Chomh maith leis sin, d'aontaigh an CSO ar mhodúl iomlán sa Suirbhé Náisiúnta Fostaíochta i 2008, an chéad uair riamh a mbeidh trácht ar phinsin sa suirbhé. | Polasaí |
| (b) | Réimsí taighde pinsean agus eolas staitistiúil atá riachtanach a aithint agus meicníochtaí a chur i bhfeidhm ar mhaithe leo seo. | D'fhreastal an Bord ar chruinnithe an NES agus aontaíodh go mbeidh modúl pinsean iomlán tiomnaithe do phinsin i 2008.<br><br>I mbun teagmhála leis an CSO ar bhonn leanúnach chun roinnt eolais a chóimheas de réir mar atá leagtha amach ag rialachán na Comhairle a bhaineann le staitisticí gnó struchtúrtha. | Polasaí |
| (c) | Eolas a sholáthar d'eagraíochtaí náisiúnta nó thar lear ag a bhfuil suim i struchtúr pinsean na hÉireann. | I rith na bliana, d'eagraigh an Bord láithreoireachtaí don IMF, the OECD agus ionadaithe ó thíortha éagsúla. | Polasaí |
| (d) | Tacaíocht a thabhairt don chuspóir náisiúnta chun Éire a chur chun cinn mar ionad do phinsin uile-Eorpach agus trasteorann. Páirt a ghlacadh ar an tascfhórsa pan-Eorpach. | I 2007 leanadh ar aghaidh ag ionadú an Bord sa tascfhórsa pan-Eorpach. | Rialachán/ comhlíonadh |

# Aguisín II - Plean Gníomhaíochta Custaiméara (CAP) feidhmíocht in aghaidh gealltanais

### Caighdeáin seirbhíse ardchaighdeáin

1. Tá Cairt Chustaiméirí an Bhoird foilsithe ar ár láithreán gréasáin agus le feiceáil in oifigí an Bhoird. Tá eolas le fáil sa Chairt Chustaiméirí seo ar riachtanais chustaiméirí. Tá ár CAP ar fáil freisin i bhfoirm leabhráin agus arlíne.

2. Cuireadh cártaí barúla ar fáil i seomra fáiltithe an Bhoird agus ar líne.

3. Tagann grúpa athbhreithnithe láithreáin ghréasáin le chéile go rialta chun láithreán gréasáin an Bhoird a athbhreithniú agus a nuashonrú agus a chinntiú go bhfuil an láithreán gréasáin ábhartha, beacht agus éasca le húsáid.

4. Déantar an dul chun cinn ar na tionscnaimh atá imlínithe sa CAP a athbhreithniú ar bhonn ráithiúil ag foireann bhainistíochta an Bhoird.

### Comhionannas/éagsúlacht

5. Cinntíonn an Bord go bhfuil béim ann i gcónaí ar thorthaí cóireála comhionann agus cothrom le haghaidh ár gcustaiméirí go léir. Comhlíontar an méid seo trí oiliúint leanúnach cúram custaiméirí don fhoireann.

6. Tugtar modúl faoi chomhionannas ó pheirspictíocht na bhfostaithe in oiliúint insealbhaithe chun an fhoireann a dhéanamh meabhrach faoi na naoi bhfearann éagóracha a chlúdaítear i reachtaíocht comhionannais fhostaíochta.

### Rochtain fhisiciúil

7. Déantar oifig an Bhoird a chothabháil chun a chinntiú go leanann cuairteoirí agus aon bhall foirne le mhíchumais, nó aon riachtanais rochtana sainiúla eile, ag baint leasa as timpeallacht daingean agus sábháilte agus iad ar áitreabh an Bhoird.

### Eolas

8. Leanann an Bord ar aghaidh ag feabhsú ár ngealltanais d'fhoráil eolais chustaiméara de réir mar atá imlínithe i gCairt Chustaiméara an Bhoird.

9. Soláthraíonn an Bord uimhir Ghlao Áitiúil (1890 65-65-65) chun cabhrú le custaiméirí lena bhfiosrúcháin.

### Tráthúlacht agus cúirtéis

10. Táthar ag cloí le na hamanna slánúcháin do chomhfhreagras leis an mBord, de réir mar atá forordaithe ina Chairt Chustaiméara.

### Gearáin

11. Thug an Bord foirm ghearáin isteach agus chuir sé córas taifeadta le haghaidh barúlacha agus gearáin i bhfeidhm mar chuid dá Chairt Chustaiméara.

## Luacháil comhairlithe

12. Chuaigh an Bord i gcomhairle lena chustaiméirí trí cheistneoir suirbhé custaiméara a eisiúint as a dtáinig an fhorbairt dá chairt custaiméara. Léirigh an suirbhé custaiméara leibhéal sásaimh chustaiméara maith.

13. Cuireadh torthaí an tsuirbhé custaiméara in éineacht le tionscnaimh oiliúna agus forbartha le haghaidh foireann an Bhoird.

## Rogha

14. Cuireann an Bord na roghanna is fearr ar fáil do chustaiméirí i dtéarmaí modhanna íocaíochta agus seachadta seirbhísí i gcoitinne, ina n-áirítear baincéireacht ar líne.

15. Tá an reachtaíocht um íoc pras cuntas fós á shásamh ag an mBord.

## Comhionannas na dteangacha oifigiúla

16. Is é polasaí an Bhoird forálacha Achta na dTeangacha Oifigiúla, 2003 a chomhlíonadh, lena n-áirítear ár straitéis, ár dtuarascáil bhliantúil agus an CAP a fhoilsiú i nGaeilge.

17. Foilsítear na leabhráin eolais nua go léir as Béarla agus as Gaeilge.

18. Tá seirbhísí ar an suíomh gréasáin a d'fhéadfaí a sholáthar as Gaeilge á aithint.

19. Cuirtear oiliúint teanga ar fáil don fhoireann go léir.

## Comhordú níos fearr

20. Tá cruinnithe rialta fós á reáchtáil ag an mBord leis na comhlachtaí ionadaithe agus le Ranna/gníomhaireachtaí Rialtais.

## Custaiméir inmheánaigh

21. Táthar ag tabhairt aghaidh ar na riachtanais oiliúna agus forbartha atá ag teacht chun cinn ón Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) ar bhonn leanúnach.

22. Leantar ar aghaidh ag comhlíonadh riachtanais an Bhoird faoin reachtaíocht um Shláinte agus Sábháilteacht.

23. Tagann an Coiste Comhpháirtíochta le chéile go rialta agus feidhmíonn sé go maith mar fhóram trínar féidir leis an bhfoireann agus an luacht bainistíochta monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht reatha agus tionscnaimh nua a fhorbairt.

24. Glacann baill foirne an Bhoird páirt i gcruinnithe rialta foirne, ar aon le cruinnithe rialta i rith na bliana chun eolas a thabhairt don fhoireann ar na saincheisteanna a bhfuil tionchar acu ar an mBord agus feidhmiú an Bhoird.

25. Reáchtáiltear athbhreithniú rialta deireadh bliana, caitear súil chun cinn mar aon le cruinniú ginearálta foirne i mí na Nollag.

# Aguisín III – Giorrúcháin

| | |
|---|---|
| TMA | Teastas Maoinithe Achtúireach |
| RDB | Ranníocaíocht Deonach Bhreise |
| Bord | An Bord Pinsean |
| CAP | Plean Gníomhaíochta Custaiméara |
| CEIOPS | Committee of European Insurance and Occupational Pension Supervisors |
| CSO | An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| RGST | An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh |
| AE | Aontas Eorpach |
| FÁS | Foras Áiseanna Saothair |
| GSAP | Gnó Seirbhísí Airgeadais (Pinsin) (ar a dtugtaí an Dúiche Sochair Scoir roimhe seo) |
| OTT | Ollmheán Tuarastail Tionsclaíochta |
| Treoir IORP | Treoir 2003/41/CE de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle de 3 Meitheamh 2003 faoi ghníomhaíochtaí agus mhaoirseacht na n-institiúidí um fhoráil scoir ghairme |
| IORP | Institution for Occupational Retirement Provision |
| FNFP | Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean |
| NPAW | Seachtain Gníomhaíochta Náisiúnta Pinsean |
| TPPN | Tionscnamh ar Pholasaí Pinsean Náisiúnta |
| NPR | Athbhreithniú Náisiúnta na bPinsean |
| OECD | Eagraíocht um Chomhar & Fhorbairt Eacnamaíochta |
| OPC | Coiste na bPinsean Gairme |
| an tAcht | Acht na bPinsean, 1990, arna leasú |
| CBFF | Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta |
| CCSP | Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta |
| SCA | Seirbhís Chustaiméara Ardchaighdeáin |
| RAC | Conarthaí Blianachta Scoir |
| RIA | Anailís um Thionchar Rialála |
| I.R. Uimh. | Ionstraim Reachtúil uimhir |
| SSIA | Cuntais Speisialta Dreasachta Coigiltis |

An Bord Pinsean
Teach Verschoyle
28-30 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

Teil: (01) 613 1900
Facs: (01) 631 8602
Locall: 1890 65 65 65

www.pensionsboard.ie

ISSN 1649 8690